

Pobail a Nascadh





Chuir Bus Éireann 88 feithicil nua lena chabhlach go mall in 2011. Tá gnéithe breise sna feithiclí nua, lena n-áirítear Wi-Fi agus soicéid chumhachta.

Clár Ábhar

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Athbhreithniú ar Oibríochtaí	4
Struchtúr an Ghrúpa	20
Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa	21
Ráiteas ar Rialachas Corparáideach.....	27
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.....	30
Tuarascáil an Iniúcháin Neamhspleách chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.....	32
Príomhbheartais Chuntasaíochta.....	34
Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais.....	37
Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chailteanais Iomlána Aitheanta.....	38
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	39
Clár Comhardaithe na Cuideachta.....	40
Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid.....	41
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	42

Is mian le Córas Iompair Éireann a bhuíochas a chur in iúl le Rialtas na hÉireann as an maoiniú le haghaidh tionscadail mhóra faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus leis an Aontas Eorpach as an gcómhaoiniú.




Ráiteas an Chathaoirligh 2011

Tá cuid de na mórdhúshláin airgeadais is mó ina stair os comhair Ghrúpa cuideachtaí CIÉ de bharr thionchar ghéarchéim gheilleagrach na tíre.

Ba mhór an tionchar a bhí ag trí mhórthoisic áirithe ar staid airgeadais an Ghrúpa, mar a bhí:

- Tháinig laghdú €41.4 milliún ar íocaíochtaí oibleagáid seirbhíse poiblí agus ar íocaíochtaí eile reatha an státchiste, ón mbliain 2008 i leith. Lena chois sin, beartaítear tuilleadh laghduithe a thabhairt isteach gach bliain idir 2012 agus 2014.
- Tháinig laghdú 17.5% ar thurais paisinéirí ón mbliain 2008 i leith de bharr méadú ar an dífhostaíocht agus laghdú ar ghníomhaíochtaí fóillíochta agus gnó. Tháinig laghdú €81.2 milliún ar an ioncam.
- Tháinig méadú €22 milliún ar an mbreosla taobh istigh de thrí bliana. Tá sé ar cheann dár bpríomhréimsí costais.

Grúpa CIÉ: Turais Paisinéirí 2008-2011



Ós rud é go bhfuil níos lú éilimh ann de thoradh níos lú gníomhaíochtaí geilleagracha agus go bhfuil laghdú níos mó ar íocaíochtaí seirbhíse poiblí ón Státchiste, tá sé de chuspóir againn an tseirbhís iompair phoiblí is fearr agus is féidir a chur ar fáil do phobail ar fud na tíre mar is gnách, i dtimpeallacht ina bhfuil sé fíordheacair maoiniú a fháil.

Ba mhaith liom buíochas fírinneach a ghabháil le foireann agus le lucht bainistíochta Ghrúpa cuideachtaí CIÉ as a n-iarachtaí suntasacha chun an dúshlán seo a sháru i gcaitheamh na bliana 2011. Chuir siad leis na héachtaí a rinneadh sna blianta roimhe seo i ndáil le coigilteas costais, lenár áiríodh:

- Bhí ciorrú €174 milliún ar na costais oibríocháin bhliantúla don bhliain 2011, ón mbliain 2008 i leith.
- Tá laghdú 1,450 tagtha ar líon an lucht oibre ar an meán sa tréimhse chéanna, ach mar sin féin d'éirigh leis na cuideachtaí tréanseirbhís iompair phoiblí a chur ar fáil i rith an ama.
- Sraith tionscnamh, idir athbhreithnithe seirbhíse agus athchaibidlíocht chonartha, a bhainfidh coigilteas leanúnach oibríochtaí amach.

Ní mór coinneáil leis na hiarrachtaí seo agus tuilleadh iarrachta a dhéanamh toisc nach bhfuil cuma rómhaith i gcoitinne ar an todhchaí faoi láthair. Bheadh tionchar tromchúiseach ag réimse leathan tosca a dhéanann difear do gheilleagar na hÉireann agus don gheilleagar idirnáisiúnta ar staid airgeadais an Ghrúpa.

Faoi mar a thug ár n-íniúcháirí, PricewaterhouseCoopers (PwC), faoi deara, is ábhar éiginnteachta don ghnólacht iad na cúinsí seo agus cuireann siad dúshlán roimh chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh i mbun trádála mar ghnóthas leantach.

Mar sin féin, tá an Bord muineach go gcinnteoidh gníomhartha a bheartaítear, mar aon le háiseanna athnuaithe agus maoiniú eile, le maoiniú breise á fhoinsiú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le hioncam breise ó mhéaduithe ar tháillí, le tacaíocht leanúnach an Rialtais, agus le cur i bhfeidhm rathúil na mbeart um laghdú costais, go mbeidh dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibríochtaí go ceann i bhfad.

Tá siad seo a leanas i measc na mbeart a dtabharfar fúthu:

- Sócmhainní nach bunsócmhainní iad a réadú
- An bonn costais a laghdú, lena n-áirítear laghduithe ar an bpárolla
- Méaduithe ilbhliantúla ar tháillí
- Clár caipitil féinmhaoinithe a chiorrú

Leanfaimid orainn ag comhoibriú go dearfach leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus lena roinn d'fhonn ár ngnó a phleanáil de réir na timpeallachta nua cistiúcháin.

Chomh maith le cláir leanúnacha um laghdú costais, déanfaimid tréaniarracht chun an gnó a chur chun tosaigh. Maidir lenár seirbhísí bus agus traenach, táimid ag cur seirbhís ardchaighdeán ar fáil atá dírithe ar na custaiméirí. Cuirfimid an tseirbhís seo chun cinn, agus tuilleadh daoine a spreagadh le húsáid a bhaint as iompar poiblí, i gcomhpháirtíocht leis an NTA agus le gníomhaireachtaí eile iompair.

Faoi mar a shonraítear i gcáipéis an Rialtais, Tuarascáil Chuimsitheach ar Chaiteachas 2012-2014, áfach, cruthóidh laghduithe ar íocaíochtaí oibleagáid seirbhíse poiblí a bheartaítear, íocaíochtaí atá go mór faoi bhun mheáin na hEorpa cheana féin, dúshlán i dtaca le soláthar na leibhéal seirbhíse faoi láthair. Faoi mar a bhí sé go dtí seo, beidh sé mar phríomhsprioc againn seirbhísí sábháilte compordacha iontaofa a chur ar fáil a shásaíonn éilimh reatha an mhargaidh.

Go deimhin, in ainneoin an reachta atá ar an ngeilleagar, tá forbairtí dearfacha le sonrú i rith an ama i dtaca le soláthar seirbhíse.

Le linn 2011, chomhoibrigh Grúpa cuideachtaí CIÉ, in éineacht leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus leis

Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)

an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA), chun an Cárta Léime (Leap Card) a thabhairt isteach i gcomhair chomaitéirí Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath. Déanfar an áis seo a fhorbairt níos mó sa bhliain 2012. Bhí 120,000 Cárta Léime i gcúrsaíocht i measc chomaitéirí Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath faoi mhí Mheán Fómhair 2012, rud a léiríonn an rath atá ar chur chun feidhme an tionscadail ilghníomhaireachta seo.

Cé gur cuireadh roinnt mórthionscadal ar nós DART faoi Thalamh siar i gClár Caipitil an Státchiste a ndearnadh athbhreithniú air, cosnaíodh infheistíochtaí tábhachtacha macasamhail an Chláir Shábháilteachta Iarnróid agus athnuachan bhusanna Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO), rud a chinntigh nach rachadh na gnóthachain a rinneadh le blianta beaga anuas i dtaca le daingniú an bhonneagair iarnróid agus le nuachóiriú ar gcabhlach bhus, amú.

Tá eispéireas na gcustaiméirí á chur chun feabhais a bhíodhas le feabhsúcháin sna córais um Fhaisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí, Wi-Fi agus úsáid na meán sóisialta. Caithimid cuid mhór dua le cúrsaí tráchtála agus déanaimid iarrachtaí chun deiseanna ioncaim agus gnó a aimsiú le haghaidh seirbhísí bus agus iarnróid.

Cé gurb é seirbhísí intíre do phaisinéirí bunghnó Ghrúpa CIÉ, bhí rath faoinár n-aonaid eile ghnó arís i mbliana. Bhí fás faoi Thuais CIÉ arís, rud a chuaigh chun leasa don Ghrúpa agus do gheilleagar na hÉireann ó thaobh turasóireacht isteach de, go háirithe i margadh tábhachtach Mheiriceá. Tháinig méadú ar lasta iarnróid agus cruthaigh an gnó – a fheidhmíonn ar bhonn tráchtála ar fad – barrachas d'Iarnród Éireann. Ghin Calafort Ros Láir, Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN) agus Réadmhaoin CIÉ ioncam don Ghrúpa freisin.

Mar sin féin, tá an chuma air go fóill go mbeidh an todhchaí dúshlánach. Tá tuiscint chruinn ag Boird CIÉ agus na gcuideachtaí feidhmiúcháin, i dteannta na foirne agus an lucht bainistíochta ar fud an Ghrúpa, ar an timpeallacht dheacair os ár gcomhair. Éireoidh linn trí fhócas leantach ar laghdú costais agus ar an ngnó a fhás amháin. Cé go bhfuil comharthaí dearfacha ann go bhfuil líonta paisinéirí ag cobhsú, agus go bhfuil fás spriocdhírthe, ní féidir linn a bheith bogásach ar chor ar bith agus muid ag tabhairt aghaidhe ar na dúshláin romhainn lena chinntiú go leanfaimid orainn seirbhís iompair phoiblí den scoth a chur ar fáil do phobail agus shaoránaigh na hÉireann.

Buíochas

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Dr Leo Varadkar T.D., leis an Aire Iompair Phoiblí agus Chomaitéirí, an tUasal Alan Kelly T.D. agus leis na hIar-Airí Iompair, an tUasal Noel Dempsey, T.D. agus an tUasal Pat Carey, T.D., as ucht a gcuid tacaíochta do Ghrúpa CIÉ le linn na

bliana, agus le hoifigigh na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Údaráis Náisiúnta Iompair as ucht a gcuid cabhrach chomh maith.

Táim buíoch den Rialtas agus den Rialtas roimhe seo, go háirithe an Taoiseach, an tIar-Thaoiseach, an tAire Airgeadais agus an tIar-Aire Airgeadais nach maireann, as ucht na mórthionscadal infheistíochta ar tugadh fúthu faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus as ucht an tiomantais a tugadh faoin bplean, Iompar 21, a fógraíodh i mí na Samhna 2005, a bhí rithábhachtach maidir le feabhsú an iompair phoiblí in Éirinn.

Tá an Bord fíorbhuíoch chomh maith as an gcómhaoiniú a fuarthas ó Chiste Struchtúrach an AE.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill foirne Ghrúpa cuideachtaí CIÉ as ucht a n-iarrachtaí leanúnacha i rith na bliana.

Chuaigh an Dr John Lynch ar scor mar Chathaoirleach an Bhoird an 28 Meitheamh 2011 agus chuaigh an tUasal Paul Kiely ar scor ón mBord an 28 Aibreán 2011 tar éis breis agus 11 bhliain agus 12 bhliain faoi seach a chaitheamh ar an mBord. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl dóibh as a dtréaniarracht agus as an dúrú oibre a rinne siad ar son CIÉ le linn dóibh a bheith ina gcomhaltaí boird. Chuaigh an tUasal Graham Lightfoot, an tUasal Neil Ormond, an tOllamh Yvonne Scannell agus an tUasal Seamus Sheerin ar scor ón mBord an 28 Aibreán 2011. Chuaigh an tUasal Dermot Killen ar scor ón mBord an 18 Bealtaine 2012 agus chuaigh an tUasal Mick Cullen ar scor ón mBord an 4 Deireadh Fómhair 2012. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leosan freisin as an sárobair a rinne siad.

In éineacht liom féin, ceapadh roinnt comhaltaí eile ar an mBord in 2011. Ceapadh an tUasal Kevin Bonner, an tUasal Phil Gaffney agus an tUasal Paul Mallee an 29 Meitheamh 2011. Ceapadh Helen Keelan, Uasal agus an tUasal Aebhric McGibney an 11 Deireadh Fómhair 2011. Lena chois sin, ceapadh Frances Meenan, Uasal agus an tOll. P. J. Drudy ar an mBord an 24 Iúil 2012. Táimidne, in éineacht leis na comhaltaí eile den Bhord, ag tnúth go mór le haghaidh a thabhairt ar an iomad dúshlán a bheidh os comhair Ghrúpa CIÉ san am atá le teacht.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí boird agus le stiúrthóirí fhochuideachtaí uile an Bhoird don chabhair agus don tacaíocht leanúnach a thug siad domsa go pearsanta agus as ucht a gcuid ama a thabhairt chun freastal ar na boird agus ar an mórán coistí agus grúpaí comhairleacha rithábhachtacha atá ann laistigh de Ghrúpa CIÉ.

Vivienne Jupp, Uasal
Cathaoirleach

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Léiríonn torthaí oibríúcháin Ghrúpa CIÉ don bhliain 2011 easnamh €11.2 milliún sula gcuirtear coigeartú FRS 17 – Cuntasaíocht do Shochair Scoir, san áireamh. Tar éis cheanglais FRS 17 a chur san áireamh, is é €6.1 milliún an t-easnamh i gcomparáid le heasnamh €53.6 milliún in 2010. Léiríonn an tábla seo a leanas na torthaí oibríúcháin le haghaidh na bliana 2011.


Mar thoradh ar an gclár deonach téarfa a cuireadh i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa, tháinig titim mheánach

de 557 duine ar líon na bhfostaithe le linn na bliana; is ionann é seo agus coigilt €25.2 milliún i gcostais phárolla i gcomparáid le 2010. Sa mhullach air sin, de thairbhe laghdú €29.4 milliún ar chostas an chlár théarfa dheonaigh in 2011 agus an bhrabúis ar dhiúscairt réadmhaoinne a ghin €22.3 milliún, fritháiríodh an méadú ar chostais oibríúcháin arbh ionann iad agus €22.9 milliún, lena áiríodh méadú €7 milliún ar bhreosla, laghdú €3.4 milliún ar ioncam paisinéirí agus laghdú €8.5 milliún ar fhóirdheontas ón Rialtas sa bhliain.

	2011 €M	2010 €M
Ioncam	707.9	711.3
Íocaíochtaí deontais na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí agus deontas Sábháilteachta Iarnróid	279.7	288.2
Ioncam Iomlán	987.6	999.5
Costais a bhaineann le párolla	(555.5)	(580.7)
Costais eile oibríúcháin	(461.8)	(438.9)
Costais airgeadais	(2.1)	(2.0)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inlámhsithe	22.3	0.7
Costais Iomlána	(997.1)	(1020.9)
Easnamh roimh Chostais Eisceachtúla agus coigeartuithe FRS 17	(9.5)	(21.4)
Costais Eisceachtúla	(1.7)	(31.1)
Easnamh roimh choigeartuithe costas pinsin FRS 17	(11.2)	(52.5)
Coigeartuithe costas pinsin FRS 17	5.1	(1.1)
Easnamh oibríúcháin, lena n-áirítear coigeartuithe costas pinsin FRS 17	(6.1)	(53.6)


Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

IONCAM AN GHRÚPA, 2006-2011



Léiríonn íocaíochtaí deontais na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) agus na Sábháilteachta Iarnróid arb fhiú €279.7 milliún iad laghdú €8.5 milliún ar an mbliain 2010. Ina theannta sin, fuair an Grúpa maoiniú Stáitchiste €243.7 milliún le haghaidh caiteachas caipitiúil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP), laghdú €185.7 milliún ar an méid a fuarthas in 2010. B'ionann infheistíocht an Ghrúpa i sócmhainní seasta sa bhliain 2011 agus €315.6 milliún (2010 - €410.7 milliún).

INFHEISTÍOCHT AN GHRÚPA I SÓCMHAINNÍ SEASTA, 2006-2011



Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

Cuideachtaí an Ghrúpa

Tá athbhreithnithe mionsonraithe ar oibríochtaí Iarnród Éireann, Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann le fáil i dTuarascáil Bhliantúil gach cuideachta.

Iarnród Éireann

Bliain dhúshlánach eile ba ea 2011 d'Iarnród Éireann. Bhí tionchar díreach ag an laghdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach intíre ar éileamh na gcustaiméirí, cé gur mhoilligh an ráta meatha le hais na mblianta roimhe seo. Tháinig laghdú 2.3% ar an ioncam anuas go €185.8 milliún i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Cailleadh €21.9 milliún i mbliana i gcomparáid le €36 milliún anuraidh. Coiglíodh €30.7 milliún i gcostais phárolla, lenar áiríodh coigilteas €19.4 milliún i fócaíochtaí téarfa dheonaigh.

San iomlán, bhí 37.4 milliún turas paisinéirí i ngnóthaí paisinéirí Iarnród Éireann in 2011, laghdú 2% ar fhigiúr na bliana 2010 (38.2 milliún). Tháinig fás faoi bhealaí áirithe agus tháinig méadú ar ghnó DART agus Comaitéara, a bhuíochas le méadú ar líon na n-imeachtaí siamsaíochta agus spóirt.

Tháinig laghdú ar an ioncam de réir thurais na bpaisinéirí. Tháinig laghdú €6.5 milliún nó 4.2% ar an bhfóirdheontas le haghaidh seirbhísí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO) le linn 2011. Tháinig méadú €1.7 milliún nó 6.3% ar na costais bhreosla.

Gnóthaíodh barrachas i ngnó an lasta a bhuíochas le trácht nua coimeádán; tháinig méadú 13% ar na toirteanna dá thoradh.

Lena chois sin, chuir Calafort Ros Láir brabús €2.1 milliún leis in 2011 as láimhdeachas €10.3 milliún.

Níor mhór bearta éifeachtúlachta a chur i bhfeidhm agus bainistíocht réamhghníomhach chostais a ghlacadh mar chúram in 2011 arís. Caithfear leanúint ar aghaidh leis na hiarrachtaí seo, áfach, d'fhonn inmharthanacht sheasta airgeadais na cuideachta a chinntiú.

Promóisín Díolacháin do Phaisinéirí

Reáchtáladh roinnt sprioc-phromóisín díolacháin do phaisinéirí chun ioncam paisinéara a mhéadú in earnálacha gnó Idirchathrach, Comaitéara agus DART.

Tháinig fás faoin ngnó TaxSaver arís in 2011. B'ionann na díolacháin iomlána agus €24.5 milliún, méadú €2.8 milliún ba ea seo. Eagraíodh promóisín ar an suíomh ag cliantcuideachtaí reatha i rith 2011 chun aird na

bhfostaithe a tharraingt ar theachtaireacht an luacha ar airgead. Tugadh faoi fheachtas poist dhíreach a bhí dírithe ar chuideachtaí nach bhfuil i scéim TaxSaver agus d'éirigh go maith leis seo. Eagraíodh feachtas margáíochta i mí na Nollag roimh an mBuiséad. Leagadh béim mhór ann ar choigilteas cánach a d'fhéadfaí a shaothrú ach ticéad TaxSaver a cheannach. Mar thoradh ar na feachtais phoist dhíreach agus mhargáíochta, cheannaigh 241 cuideachta breise cártaí TaxSaver dá bhfoireann in 2011. Leanfaidh Iarnród Éireann ar aghaidh ag díriú ar an táirge seo sa bhliain 2012 ó thaobh cúrsaí margáíochta agus díolachán de.

Díoladh dhá oiread na dticéad teaghlaigh ná mar is gnách um Cháisc de bharr promóisean ticéad teaghlaigh a bhí ar siúl le linn na Cásca in 2011. Tháinig méadú ar an ioncam ó €103k in 2010 go €210k in 2011 dá thairbhe.

Mar gheall ar phromóisín díolacháin an tsamhraidh, ar thug gníomhaireachtaí turasoíreachta na hÉireann a dhíríonn ar lucht saoire nach dtéann thar lear tacaíocht dóibh, tháinig méadú 28%, nó €836k, ar fhigiúirí na bliana 2010 agus tháinig méadú €690 ar líon na dticéad teaghlaigh.

An Clár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid

Neartaíonn an Clár Infheistíochta Caipitil um Shábháilteacht Iarnróid sábháilteacht an ghréasáin in Iarnród Éireann i rith an ama. Dhírigh an Clár sa bhliain 2011 ar shócmhainní a raibh droch-chaoi orthu a ionadú agus ar chleachtais oibre a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta a fheabhsú.

Éilíodh maoiniú státchiste €119 milliún in 2011 mar chuid den Chlár Sábháilteachta Iarnróid. Bhí siad seo a leanas i measc na móroibreacha athnuachana a críochnaíodh:

- 12 mhíle d'athnuachan riain nua agus 9 míle d'athnuachan rian athláimhe.
- 18 míle de thochailt fo-riain agus d'athnuachan foirmíochta, 95 míle de shacadh agus 380 míle de bhallastú.
- rinneadh 95 alt riain agus 142 ceann pointe a athnuachan.
- cuireadh 28 tionscadal gearrtha agus claífoirt i gcrích.
- ionadaíodh 46 míle de sconsa.
- cuireadh 50 droichead agus 24 crosaire comhréidh chun feabhais.
- dúnadh 6 chrosaire chomhréidhe freastail agus tá 10 ndúnadh eile ar bun faoi láthair.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

- uasgrádaíodh 5 uath-chroaire chomhréidhe leathbhacainne go crosairí faoi mhonatóireacht CCTV.


Feidhmíocht Oibríúcháin

Bliain an-mhaith san iomlán ba ea 2011 maidir le poncúlacht agus iontaofacht na draenacha paisinéirí. Leagtar na torthaí amach thíos de réir na mbealaí agus léirítear iontu, sa bhliain trí chéile, gur shásaigh agus gur sháraigh bealaí DART, Comaitéara agus Idirchathrach Iarnród Éireann laistigh den Stát na spriocanna a leag an tÚdarás Náisiúnta Iompair síos sa Chonradh Seirbhíse Poiblí le Iarnród Éireann.

cárta cliste ITS bailí bealaí uile Bhus Átha Cliath, gach líne Luas agus seirbhísí DART agus Comaitéara de chuid Iarnród Éireann i 'gcrios an aistir bhig', is é sin an limistéar a ndéanann Baile Brigín teorainn leis ó thuaidh, Maigh Nuad agus Collchoill siar uaidh agus na Clocha Liatha/Cill Chomhghaill ó dheas.

Suiteáladh Wi-Fi ar na traenacha Idirchathrach idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh agus tá sé á thabhairt isteach de réir a chéile sna traenacha eile Idirchathrach de chuid Iarnród Éireann, chomh maith leis na traenacha DART agus Comaitéara. Cinnteoidh sé seo go mbeidh nascacht Wi-Fi ar fáil do na custaiméirí ar na seirbhísí traenach uile de chuid Iarnród Éireann sa Stát.

Tá caibidlíocht ar bun i rith an ama le NIR i ndáil le Wi-Fi ar sheirbhísí traenach trasteorann Enterprise.



Bhí an bealach trasteorann ina eisceacht toisc nár shásaigh sé an spriocponcúlacht 90% 0-10 nóiméad in 2011. Cuireadh tús le bearta, lena n-áirítear athbhreithnithe laethúla agus seachtainiúla ar fheidhmíocht na seirbhíse traenach trasteorann trí chomhdháil ghutháin le lucht bainistíochta NIR, d'fhoill poncúlacht a bhaint amach an athuair i seirbhís Enterprise in 2012.

Thug Iarnród Éireann an córas íocaíochta guthán póca 'PayByText' isteach in 2011 le haghaidh na gcarrchlós stáisiúin uile, le háisiúlacht na gcustaiméirí a mhéadú agus leis an mbrath ar mheaisíní ticéad airgid 'íoc agus taispeáin' a laghdú.

Feabhsúcháin ar an tSeirbhís do Chustaiméirí

I mí na Nollag 2011, tugadh an Cárta Léime, an córas cárta cliste e-sparáin maidir le ticéadú comhtháite i mBaile Átha Cliath, isteach faoi choinne turas ar sheirbhísí DART agus Comaitéara Iarnród Éireann, mar aon le seirbhísí Bhus Átha Cliath agus Luas. Áirítear sa limistéar ina bhfuil

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

Ráilcharranna Nua a Sheachadadh

Cuireadh tús le seachadadh 57 ráilcharr breise Idirchathrach (19 x aonad 3-charr) i mí na Bealtaine 2011. Coimisiúnófar na chéad fheithiclí lena n-úsáid go luath sa bhliain 2012.

Tá a leanas san áireamh i gclár úsáide na dtraenacha nua seo:

- úsáid ar sheirbhísí comaitéara fo-uirbeacha amuigh idir an Longfort agus Dún Dealgan, d'fhonn an luas agus an cháilíocht do chian-chomaitéirí a fheabhsú agus d'fhonn athúsáid ráilcharranna Comaitéara d'aicme 29000 a éascú le buaicmhinicíocht agus toilleadh na seirbhísí fo-uirbeacha istigh a fheabhsú de réir mar is gá.
- úsáid spriocdhírthe ar bhealaí Idirchathrach le buaicmhinicíocht a mhéadú ach seirbhísí lena ngabhann stadanna teoranta agus amanna turais níos gasta a thabhairt isteach le hioncam Idirchathrach a chúiteamh.

Bus Átha Cliath

Lean an timpeallacht gheilleagrach de bheith ina mhórhíonchar ar an éileamh ar sheirbhísí le linn na bliana ach faoi dheireadh na bliana mhoilligh an ráta meatha i gcomparáid le blianta roimhe sin. Bhí easnamh €18.2 milliún ag an gcuideachta don bhliain i gcomparáid le heasnamh €22.1 milliún in 2010. Leanadh den phróiseas maidir le costais a thabhairt de réir ioncaim níos ísle agus mar thoradh air seo, ag deireadh na bliana 2011, tháinig laghdú €10.7 milliún ar na costais oibríocháin iomlána i gcomparáid le 2010, agus déanfar tuilleadh dul chun cinn ina leith sa bhliain 2012.

Thit an t-ioncam iomlán €3.9 milliún go €178.3 milliún i gcomparáid le 2010. Laghdaíodh íocaíochtaí Conradh Seirbhíse Poiblí (PSC) faoi €2.7 milliún le linn na bliana. Bhí 117 milliún turas paisinéirí in 2011 i gcomparáid le 119 milliún in 2010. Laghdú 1.7% é seo.

Baineadh amach coigilteas párolla iomlán €6.6 milliún le linn na bliana agus is ionann é seo agus timpeall €12 mhilliún i mbliain iomlán. Cothaíodh an coigilteas seo go príomha trí laghdú i gcomhaireamh cinn mar thoradh na seirbhísí gréasáin athbhreithnithe, amanna turais níos tapúla agus gnóthachain éifeachtúlachta. Tháinig laghdú 217 (6%) ar an ngnáthlón foirne a fostaíodh agus beidh laghdú 9% don bhliain ar fad ann do 2012. Ó 2008, laghdaíodh an gnáthlón foirne a fostaíodh 480 agus beidh os cionn 600 (16%) i gceist in 2012.

Baineadh os cionn 200 bus den chabhlach le blianta beaga anuas agus níor cuireadh aon bhus ina n-áit.

Anuas air sin, tá an gnáthshaol atá ag busanna sínte ó 10 mbliana go 12 bhliain agus dá bhrí sin tá táille dímheasa laghdaithe ach maolaítear é seo de bheagán de bharr costais chothabhála agus athchóirithe ardaithé.

Gréasán Díreach

Lean an tionscadal, Gréasán Díreach, ag déanamh athdhearadh rathúil ar sheirbhísí le héileamh custaiméara a shásamh agus chun amchláir sheirbhíse a mhionathrú le go mbeidh siad de réir feabhsúcháin am reatha agus bearta tosaíochta bus. Thosaigh an tionscadal in 2010 tar éis athbhreithniú straitéiseach ar fheidhmíochtaí na cuideachta agus ba éard a bhí ann mairís chasta d'athruithe amchláir, laghduithe foirne, laghdú sa chabhlach bus, críochfoirt nua, bealaí nua, bealaí cealaithe agus socruithe oibre foirne. Theastaigh comhairliúchán fairsing le go leor páirtithe leasmhara agus clár fada agus mionsonraithe cumarsáide. In 2011, reáchtáil Bus Átha Cliath 19 seisiún comhairliúcháin phoiblí agus chuir sé tograí a bhain le Gréasán Díreach i bhfeidhm i 22 áit ar fud an ghréasáin. Mhéadaigh athbhreithnithe ar Ghréasán Díreach a tugadh isteach in 2010 líon na bpaisinéirí agus meastar go dtiocfaidh na torthaí céanna ó athbhreithnithe 2011. Cuireadh feachtais mhargáiochta i dtoll a chéile chun na tairbhí a bhaineann le seirbhísí athbhreithnithe 2011 a chur chun cinn. Táthar ag súil go gcríochnófar an tionscadal seo go luath in 2012.

Is é aidhm an tionscadail Gréasán Díreach na nithe seo a leanas a sheachadadh:

- Ardú i líon na mbealaí ardmhínicíochta (idirachar 10 nóiméad nó níos fearr in amanna móréilimh)
- Ailíniúcháin níos díri ó/chuig príomháiteanna oibre/fóillíochta
- Úsáid níos mó a bhaint as Mórlánaí Bus (QBCanna)
- Idirachair chothroma ó phointí imeachta ar bhonn conaire
- Níos lú éagsúlachtaí ar bhealaí a dhéanann an gréasán níos éasca le tuiscint
- Gréasán nua de chuarseirbhísí níos díri
- Méadú sa líon bealaí trasna na cathrach, a ísleoidh idirmhalartú custaiméirí
- Naisc fheabhsaithe le modhanna iompair iarnróid agus Luas

Cheap Bus Átha Cliath seirbhís a shásaíonn riachtanais a chustaiméirí atá i mbun athrú agus is follasach na torthaí sna samplaí a leanas de líon na bpaisinéirí faoi dheireadh na bliana 2011 feadh QBCanna agus bealaí a ndearnadh athbhreithniú orthu:

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

- QBC Bhaile Bhlainséir – D'ardaigh an líon paisinéirí 4%
- QBC Stigh Lorgan – D'ardaigh an líon paisinéirí 2%
- QBC Leamhcáin – D'ardaigh an líon paisinéirí 4%
- Cuarbhealaí Thuaidh – D'ardaigh an líon paisinéirí 15%

Forbairtí sa Teicneolaíocht

In 2011, críochnaíodh an córas Rialaithe agus Uathláthair Feithicle (AVLC) a d'éascaigh tabhairt isteach Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) mar thairbhe atá ar fáil do gach custaiméir de chuid Bhus Átha Cliath tríd an suíomh gréasáin, aip iPhone agus Android agus aonaid RTPI ar an tsráid. Tá rochtain láithreach beagnach anois ag formhór na gcomaitéirí a bhfuil faisnéis RTPI á lorg acu.

Tháinig an córas AVLC i bhfeidhm go hiomlán i ngach iosta de chuid Bhus Átha Cliath le linn na bliana. Cinntíonn an clár, arna mhaoiniú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, intuarthacht agus rialú níos fearr ar sheirbhísí agus is é seo an bonneagar ina bhfeidhmíonn Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI). Cuirtear an teicneolaíocht AVLC i bhfeithiclí Bhus Átha Cliath agus cuireann sí sonraí ar ais chuig Lárionad Láraithe Rialaithe Bhus Átha Cliath, áit a ndéantar monatóireacht agus rialú ar sheirbhísí.

Mar gheall ar an dul chun cinn a rinne clár AVLC Bhus Átha Cliath, bhí Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA), in ann na chéad 10 scáileán taispeána RTPI ar an tsráid a sheoladh i mí Feabhra 2011. Faigheann na scáileáin seo sonraí AVLC agus baintear leas astu chun RTPI a thabhairt. Ba iad na 10 n-aonad seo na chéad chinn de 272 scáileán faisnéise san iomlán atá lonnaithe ar fud ghréasán Bhus Átha Cliath san am i láthair. Ligeann na scáileáin do na custaiméirí a dhéanamh amach cén t-am a thiofadh a mbus. Beidh tuilleadh aonaid taispeána á n-úsáid le linn 2012 agus beartaítear go mbeidh 500 aonad RTPI ar fad lonnaithe ar fud ghréasán Bhus Átha Cliath.

I mí Iúil, sheol Bus Átha Cliath áis RTPI ar a suíomh gréasáin, www.dublinbus.ie, lena chinntiú go mbeidh sé níos éasca do na custaiméirí uile teacht ar RTPI. Ina theannta sin, sheol Bus Átha Cliath aip don iPhone. Bhíodh áis pleanála bealaí, cláir ama bealaí agus míreanna nuachta san aip seo a chéaduaire, ach uasghradaíodh í le gairid agus tá gnéithe úra uirthi anois dá bharr, lena n-áirítear áis RTPI. Féadfaidh úsáideoirí an iPhone fíor-am sroichte a mbus agus an 5,000 stad bus agus scáthlán de chuid ghréasán Bhus Átha Cliath a sheiceáil. Bhain an aip duais don Aip is Fearr le haghaidh Taistil agus Turasóireachta, ag an dara hócáid de na dámhachtainí bliantúla, na Apsy Awards. Tugtar aitheantas agus onóir sna dámhachtainí seo do na háiseanna is fearr i bhforbairt feidhmchlár le haghaidh

fóin chliste, táibléad agus ardáin na meán sóisialta. I mí na Nollag 2011, seoladh leagan Android den aip seo. Tá freagairt na gcustaiméirí don RTPI an-dearfach; fuarthas beagán de bhreis ar 700,000 iarratas le haghaidh RTPI gach seachtain ar an meán. Sa bhliain 2011 bronnadh duais do Thionscadal TF na Bliana (an Earnáil Phoiblí) ar shuíomh gréasáin Bhus Átha Cliath (www.dublinbus.ie) ag na Dámhachtainí um Fheabhas sa TFC (*ICT Excellence Awards*). Tugtar aitheantas do rogha an Tionscail Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide in Éirinn sna dámhachtainí seo.

Seoladh an Chárta Léime

I mí na Nollag 2011, sheol an tAire Stáit atá freagrach as Iompar Poiblí agus Comaitéara, Alan Kelly, i dteannta an NTA, an Chárta Léime go hoifigiúil. Is é an Chárta Léime an córas nua comhtháite ticéadaithe iompair faoi choinne Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Tabharfar an Chárta Léime isteach lena mbainfidh sparán luach stóráilte (nó creidmheas taistil) is féidir a lódáil an athuair. Is é seo an chéad chéim den tionscadal. Seoladh é ag aon am amháin i gcomhair sheirbhísí Bhus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus Luas. Tugann an Chárta Léime lascaí do na custaiméirí i gcoibhneas leis na gnáth-tháillí airgid. Le linn na bliana 2012, cuirfear an córas chun feabhais de bharr uasteorannú le haghaidh táillí lae agus seachtaine, lacáistí aistritheacha (lascainí le haghaidh aistriú idir sheirbhísí) agus uatháiseanna breisithe creidmheasa. Cuirfear na ticéid réamhíoctha chomaitéara uile ar an gChárta Léime sa chéad chéim eile den tionscadal ina dhiaidh sin. Cuirfidh Bus Átha Cliath, i gcomhar lena sholáthróir córais ticéadaithe, agus oibreoirí eile iompair a gcórais ticéadaithe féin chun feabhais de réir a chéile d'fhonn tacú leis an méadú ar an réimse feidhmiúlachta i gcaitheamh na bliana 2012.

Custaiméirí Nua a Choinneáil agus a Mhealladh

Is éantionscadal Gréasán Díreach an phríomhghníomhaíocht chun custaiméirí a choinneáil agus chun custaiméirí nua a mhealladh. Cuideoidh forbairtí RTPI, comhairliúchán maidir le Gréasán Díreach agus cur i ngníomh agus cur chun cinn 'Ollbhealaí' leis in 2012. Ba iad seo na croíghníomhaíochtaí margaíochta ar tugadh fúthu chun tacú le custaiméirí nua agus chun iad a choinneáil agus chun iad a mhealladh. Baineadh leas as meascán de nameáin áitiúla agus náisiúnta, dáileadh bileog i dtithe, dáileadh bileog ar bhusanna agus faisnéis ar shuíomh gréasáin Bhus Átha Cliath chun tacaíocht a thabhairt d'Fheachtas Faisnéise agus Cur Chun Cinn don tionscadal Gréasán Díreach. Seoladh RTPI i mí Mheán Fómhair 2011 ar líne, trí SMS agus trí aipeanna

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

iPhone agus Android saor in aisce. Reáchtáladh feachtas margaióchta lán-chomhtháite i gcomhar le seoladh RTPI, lenar áiríodh gníomhaíochtaí preasa, gníomhaíochtaí ar bhusanna agus gníomhaíochtaí ar líne.

Reáchtáladh meascán d'fheachtais fógraíochta i rith na bliana 2011, lenar áiríodh na cinn seo a leanas:

- Luach-fheachtais chun na tairbhí a ghabhann le taxsaverie agus le ticéid réamhíochta a chur chun cinn.
- Breisluach agus comhphromóisean – reáchtáladh feachtas Bhus Átha Cliath, 'Déardaoin na dTicéad', ina dtugtar lascaín do shealbhóirí ticéad réamhíochta in ionaid agus in asraonta rannpháirteacha i lár na cathrach, in 2011 arís.
- Cur chun cinn Bealaí Áirithe – rinneadh mórfheabhsúcháin seirbhíse ar phríomhbhealaí ar fud na cathrach mar chuid de Ghréasán Díreach. Cuid mhór den straitéis earcaíochta don chéad leath den bhliain 2011 ba ea na bealaí seo a 'dhíol' le neamh-úsáideoirí, agus gnéithe ceangail agus minicíochta na mbealaí seo a chur chun feabhais. Chuir Bus Átha Cliath tús le feachtais ar bhealaí áirithe lenar áiríodh bealaí a ndearnadh athbhreithniú orthu, na cinn seo a leanas ina measc: 9, 14, 39a, 46a agus 145.

Drochaimsir 2011

Thit báisteach mhíosa in aon oíche amháin i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh isteach go mór ar chúrsaí tráchta de thairbhe na tuile ollmhóire seo. Lean Bus Átha Cliath ag soláthar seirbhíse dá chustaiméirí. D'éirigh stopanna seirbhíse i gcás Luas agus DART agus, dá bhrí sin, ba é Bus Átha Cliath an t-aon soláthróir iompair phoiblí a bhí mbun feidhme i mórán áiteanna i mBaile Átha Cliath. Siocair go raibh Bus Átha Cliath i mbun feidhme le linn an dúgheimhridh go mall in 2010, bhí plean gníomhaíochta teagmhasach i bhfeidhm aige cheana féin le dul i ngleic leis an bhféidearthacht go dtiocfadh an chrua-aimsir ar ais.

Bhí an Lárionad Láraithe Rialaithe Oibríochtaí de chuid Bhus Átha Cliath sa Chloch Leathan ina mbunáit rialaithe i rith na drochaimsire. Toisc go raibh scáileáin CCTV do Bhainistíocht Tráchtasa Lárionad Rialaithe Oibríochtaí agus go raibh Príomhchigirí i mbun oibre ar fud an ghréasáin, bhí Bus Átha Cliath in ann caighdeán na mbóithre a oibriú amach. Bunaithe ar an méid seo uile, thug Bus Átha Cliath sraith ciorrúcháin agus malairtí bealaigh isteach lena chinntiú go mbeadh na custaiméirí ábalta a gceann scríbe a bhaint amach i mbunús na gcásanna. Bhíothas ábalta na ticéid don DART, do sheirbhísí iarnróid fo-uirbeacha agus don Luas a úsáid le haghaidh sheirbhísí Bus Átha Cliath, rud a chinntigh go raibh na comaitéirí uile in ann an baile

agus an t-ionad oibre a bhaint amach. Tugadh an scéal ba dhéanaí do na custaiméirí faoi fhorbairtí seirbhíse ar an suíomh gréasáin, ar leathanaigh na meán sóisialta agus trí línte gutháin faisnéise. Bhí siad seo uile ar fáil ar feadh ní ba mhó uaireanta i gcaitheamh na doinnne. Tugadh faisnéis do na meáin uile ar bhonn rialta faoi na forbairtí seirbhíse. Tugadh an scéal ba dhéanaí do na custaiméirí faoi na forbairtí seirbhíse uile a bhíochas leis na cleachtais thuas.

Conradh Seirbhíse Poiblí – Baineann Bus Átha Cliath a Spriocanna Amach mar is Gnách

Síníodh an Conradh Seirbhíse Poiblí idir an NTA agus Bus Átha Cliath i mí na Nollag 2009. Leagtar amach sa chonradh an gréasán agus raon na seirbhísí atá le soláthar ag Bus Átha Cliath, na leibhéil feidhmíochta atá le baint amach faoin gConradh Seirbhíse Poiblí (PSO) agus an cúiteamh atá le híoc ag an NTA le haghaidh sholáthar na seirbhísí seo. Tuairiscíonn Bus Átha Cliath chuig an NTA gach trí mhí i ndáil le bearta feidhmíochta agus, go ginearálta, éiríonn go maith le Bus Átha Cliath. Éilíonn an NTA go ndéanfaí iniúchadh neamhspleách ar íocaíochtaí a dhéanann sé faoin gConradh Seirbhíse Poiblí lena dhearbhu gur shásaigh Bus Átha Cliath na riachtanais ar conradh. Ba é €73.0 milliún méid iomlán na n-íocaíochtaí seo in 2011, i gcomparáid le €75.7 milliún in 2010. Rinneadh iniúchadh ar an gConradh Seirbhíse Poiblí don bhliain 2010 go neamhspleách thar ceann an NTA in 2011. Ba é tuairim na n-iniúchóirí gur shásaigh nó gur sháraigh Bus Átha Cliath an caighdeán feidhmíochta a shonraítear sa chonradh le haghaidh seirbhísí PSO. Luaigh na hiniúchóirí gur tháinig costais Bhus Átha Cliath leo siúd a bhíonn ag oibreoir iompair phoiblí 'faoi stiúir mhaith'.

A Thábhachtaí atá Ionad Sábháilte Oibre

Tá Bord Bhus Átha Cliath agus an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmíocháin tiomanta do chosaint shábháilteacht, shláinte agus leas na bhfostaithe, na gcustaiméirí agus na ndaoine a ndéanann gníomhaíochtaí na cuideachta difear dóibh, ar nós úsáideoirí eile bóithre, cuairteoirí chuig áitreabh Bhus Átha Cliath nó conraitheoirí a bhíonn ar fostú ag an gcuideachta.

Tugann córas bainistíochta sábháilteachta na cuideachta creatlach mhionsonraithe faoi choinne bhainistiú na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a ghabhann le hoibríochtaí na

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

cuideachta. Is fiorthábhachtach an tsábháilteacht i ndáil le freagrachtaí na mbainisteoirí sinsearach, na mbainisteoirí idirmheánacha agus na maoirseoirí. Caithfidh siadsan a chinntiú go bhfuil lántuiscint ag a bhfostaithe ar na riachtanais agus go gcomhlánaíonn siad iad.

Cé go bhfuil an ceanglas chun dóthain oiliúna agus treorach a sholáthar cumhdaithe i gceanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, tuigean Bus Átha Cliath i rith an ama a thábhachtaí atá sé buncheanglais a sháru trí mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar riachtanais inniúlachta a fhostaithe. Léirítear é seo ina chlár oiliúna pleanáilte a áiríonn oiliúint neamhrechtúil ar leith agus faisnéisiú cumarsáide rialta intí a bhaineann le faisnéis atá rithábhachtach i dtaobh sábháilteachta. Is modh éifeachtach í an oiliúint leanúnach sa Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) trínar féidir faisnéis eile a bhaineann le sábháilteacht a sheachadadh. Chuir an chuideachta infheistíocht i gcóras nua measúnachta agus oiliúna tiománaithe ar na mallaihb. Cuirtear oiliúint ar fáil sa chóras seo trí mheasúnú físeán agus trí sheisiúin aiseolais duine le duine ina dhiaidh sin.

Maidir le timpistí, bhí laghdú mór ar ráta na dtimpistí imbhuailte agus na dtimpistí custaiméara in 2011. Tháinig laghdú 13.5% agus 6% faoi seach orthu i gcomparáid le 2010.

Inrochtaineacht Chabhlaigh – Seirbhís Bhus do Chách

Choinnigh Bus Átha Cliath orthu ag díriú ar fheabhsú inrochtaineacht na seirbhísí do chustaiméirí in 2011. Cuireadh cabhlach urláir ísil atá oiriúnach do chathaoir rothaí ar fáil i gcomhair ceithre bhealach bhreise in 2011. Mar sin de, tá 92% de chabhlach Bhus Átha Cliath inrochtana agus is cinnte nach mór go mbeidh cabhlach iomlán inrochtana aige faoi dheireadh na bliana 2012. Tá méadú ag teacht ar an liostáil i Scéim Cúnaimh Taistil na cuideachta i rith an ama. Bhí níos mó ná ceithre oiread na ndaoine ar an scéim in 2011 ná mar a bhí in 2007, an bhliain inar tugadh an scéim isteach. Ceapadh an tionscnamh chun comhairle faoi úsáid a bhaint as seirbhísí iompair poiblí a thabhairt do chustaiméirí a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe, lagú céadfach agus míchumas foghlama ag gabháil dóibh. A bhíochas le cúnamh ó chúntóir taistil lánaimseartha de chuid Bhus Átha Cliath, ceapann na custaiméirí sainphlean taistil a oireann dá gcuid riachtanas, rud atá ina bhunús le taisteal neamhspleách. Tig le custaiméirí tuilleadh faisnéise a fháil faoi Chúnamh Taistil ach dul i dteagmháil le hOifigeach Rochtana Bhus Átha Cliath tríd an nguthán ag (01) 7033204 nó trí ríomhphost ag travelassist@dublinbus.ie.

Freagracht Shóisialta Chorporáideach (CSR) – Ár Saothar sa Phobal

Tugann Bus Átha Cliath faoi shraith tionscnamh um Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach (CSR) chun é féin a dhaingniú níos mó sa phobal ar a ndéanann sé freastal i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA). Ba é Clár Tacaíochta Pobail (CSP) Bhus Átha Cliath 2011 an t-imeacht ba mhó agus ba rathúla i stair an chláir. Is é 2011 an t-ochtú bliain den CSP. Bunaíodh an CSP chun cúnamh a thabhairt do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, nach dtugtar aitheantas dá saothar de ghnáth, ach amháin i measc na ndaoine a fhaigheann an cúnamh. Go dtí seo, bhain de bhreis ar 1,300 eagraíocht dheonach agus carthanas ó phobail i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath tairbhe as an maoiniú a fuarthas ón gclár seo. Maoinítear costas an chláir trí shóinseáil na bpaisinéirí nach n-éilítear san fhadtéarma.

Gníomhaíocht eile CSR is ea Comórtas Ealaíne na bPáistí. Comórtas bliantúil ealaíne agus filíochta é seo a bhfuil mar aidhm aige meas ar an iompar poiblí a spreagadh i measc ár gcustaiméirí atá níos óige. Cuirtear roinnt de na hiontrálacha a bhuaigh san áireamh i bhféilire Bhus Átha Cliath. Tá mór-éileamh air seo i measc custaiméirí níos sine agus na gcustaiméirí óga araon. Seoladh an clár sa bhliain 2001 agus tá sé thar a bheith éifeachtach maidir le dul i ngleic le hiompraíocht fhrithshóisialta ar bhusanna agus le meas ar an iompar poiblí a chur chun cinn.

D'eascair an tionscadal Ciceanna Pionóis Niall Quinn as Comórtas Ealaíne na bPáistí. Seoladh é seo sa bhliain 2003 agus tugann an t-iarpheileadóir le Poblacht na hÉireann cóitseáil do pháistí sa tionscnamh faoi leith seo. Bhí comórtas na bliana seo ar siúl in Ionad Pobail an Phoirt Thoir i mí an Mheithimh.

Seirbhís Tointeála d'Imeachtaí Féile

Bhí dhá imeacht ceoil ardiomrá ar siúl i samhradh na bliana 2011 – ceolchoirm Bhaile Shláine agus Oxegen. Sa dá chás, chuir Bus Átha Cliath seirbhís shainithe tointeála ar fáil chun leantóirí ceoil a thabhairt chuig na himeachtaí agus ar ais uathu arís. I gcás ceolchoirm Bhaile Shláine, chuir Bus Átha Cliath 200 bus dhá stór ar fáil agus, i gcomhar leis na Gardaí, le Comhairle Contae na Mí agus leis an lucht eagrúcháin, chuir sé nósanna imeachta feabhsaithe i bhfeidhm i dtaca le páirceáil agus le teacht den bhus. Bhí an-rath go deo faoi seo. Maidir le féile cheoil Oxegen a bhí ar siúl idir an 8 agus an 10 Iúil, reáchtáil Bus Átha Cliath seirbhís tointeála chuig an imeacht i mBaile Phoince. Idir an 30 Meitheamh agus an 3 Iúil, bhí Féile na Long Ard ar siúl i bPort Láirge. Chuir Bus Átha Cliath seirbhís tointeála Páirceála agus Taistil ar fáil

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

ag an imeacht. Ar an iomlán cuireadh 40 bus chuig Port Láirge le linn na féile.

Forbairtí i Seirbhísí Tráchtála

I Meitheamh 2011, sheol Bus Átha Cliath seirbhís fheabhsaithe Airlin, a bhaineann úsáid as Tollán an Chalafoirt sa dá treo lena chinntiú go mbeidh na custaiméirí in ann Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhaint amach níos tapa. Tá níos mó óstán, tithhe aíochta, ceantair turasóireachta agus ceantair gnó san áireamh feadh an bhealaigh i gcomhair sheirbhís Airlin. Athdhearadh an fhaisnéis faoi Airlin ar an tsráid chomh maith chun go seasfaí sí amach agus go mbeadh sí ní b'fhusa le haithint. I mí Feabhra 2011, ainmníodh an turas *Hop on-Hop off* de chuid Bhus Átha Cliath mar an turas is fearr ar *hostelworld.com*, bunaithe ar léirmheasanna na gcustaiméirí ar an suíomh gréasáin in 2010. Is é *hostelworld.com* an príomhshuíomh gréasáin ar domhan chun brúnna a chur in áirithe. I mí na Bealtaine 2011, bronnadh Deimhniú Feabhais 2011 ar an Ghostbus Tour ón suíomh gréasáin Trip Advisor, an príomhshuíomh taistil ar domhan, as sár-rátálacha a fháil go leanúnach óna bhail.

Bus Éireann

Athbhreithniú agus Léargas Ginearálta Airgeadais

Le linn 2011, lean Bus Éireann ag díriú go mór ar chostas a laghdú agus margaiócht a dhéanamh ar a sheirbhísí chun ioncam ó phaisinéirí a uasmhéadú. B'ionann an t-ioncam iomlán in 2011 agus €283.7 milliún. B'ionann é agus €285.9 milliún in 2010. Thuill an chuideachta brabús €0.5 milliún, tar éis míreanna eisceachtúla, in 2011 i gcomórtas le cailteanas €2.2 milliún in 2010. B'ionann an cailteanas roimh mhíreanna eisceachtúla agus €1.8 milliún in 2011 i gcomórtas le cailteanas €2.2 milliún in 2010.

Bhí drochthionchar ag an gcúlú eacnamaíochta, le tosca amhail difhostaíocht ardaithe, laghdú i gcaiteachas miondíola agus níos lú ioncaim indiúscartha, ar "chúiseanna taistil" custaiméirí le linn 2011, ach d'fhreagair an chuideachta trí mhargaíocht láidir a dhéanamh ar a ghréasán de sheirbhísí tráchtála agus Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO) agus d'éirigh leis ioncam ó phaisinéirí a choinneáil ag leibhéal 2010. Tá an chuideachta ag déanamh tréaniarracht gréasán seirbhísí lán-chomhtháite a chothabháil i margadh an-íomáioch agus dúshlánach. Tháinig laghdú timpeall 1.4% ar líon na paisinéirí ar sheirbhísí i gcathracha cúige i gcomórtas

leis an mbliain 2010 agus laghdaigh an líon paisinéirí ar sheirbhísí sceidealaithe eile 2.5%.

Leanadh ag coigilt in 2011 de bharr atheagrú agus athstruchtúru a rinneadh ar sheirbhísí PSO áirithe le linn 2010. D'éirigh leis an gcuideachta airgead a choigilt chomh maith trína chlár laghdaithe costais leanúnach. Rinneadh na coigiltis seo ar fad agus an chuideachta ag leanúint le gréasán cuimsitheach comhtháite iompair seirbhísí a chur ar fáil ag an am céanna. Ar an iomlán, laghdaíodh caiteachas gan breosla san áireamh €8 milliún i gcomparáid le leibhéal 2010, ach chosain arduithe i gcostas breosla €3.5m ar an gcuideachta.

Tá Bus Éireann tiomanta do chinntiú go laghdaítear bunús costais oibriúcháin na cuideachta de réir laghdú i leibhéal éileamh agus laghdú i maoiniú státchiste. Tá an chuideachta ag leanúint lena iarrachtaí chun caiteachas a laghdú a thuilleadh le linn 2012 i dtimpeallacht gheilleagrach a bheidh fós an-dúshlánach.

Leanadh ag laghdú an líon foirne thar gach grád le linn 2011 agus an meánlíon foirne ag 2,605 i gcomparáid le 2,704 in 2010, laghdú 99. Laghdaíodh costais phárolla €6.4 milliún (4%) in 2011 agus is éard is ciall leis seo gur laghdaíodh costais phárolla €15.2 milliún (10%) ar an iomlán ó 2009. B'éigean réimse gníomhartha dúshlánacha a chur i bhfeidhm faoi choinne an choigiltis seo agus baineadh amach iad le comhoibriú na foirne ar fad sa chuideachta.

Lean Bus Éireann ag infheistiú ina chabhlach, áiseanna córais TF agus gléasra agus innealra le fanacht íomáioch agus chun leibhéal chaighdeáin a choimeád.

Seirbhís Iompair Phoiblí Éifeachtúil agus Sábháilte

Rinneadh an chuideachta coigiltis shuntasacha le blianta beaga anuas de réir éileamh laghdaithe agus laghdú ar infhaighteacht maoiniú státchiste. Dearadh an Clár Aisghabhála Costais 2009 chun gréasán athstruchtúrtha seirbhísí PSO a sheachadadh agus baineadh amach na spriocanna ar fad lena mbaineann. Lean Bus Éireann ar aghaidh ag díriú ar an mbonn costais oibriúcháin leanúnach a laghdú agus rinneadh coigiltis €8 milliún le linn 2011. Díródh ar chostais a laghdú agus ardchaighdeán chúram do chustaiméirí a chothabháil. Is í an tsábháilteacht an phríomhthosaíocht don chuideachta fós.

Dar le tuarascáil neamhspleách Deloitte, is oibreoir éifeachtúil éifeachtach iompair poiblí é Bus Éireann i gcomórtas le caighdeán Eorpacha. Anuas air sin, tugann an tuarascáil le fios go bhfaigheann Bus Éireann níos lú fóirdheontas ná oibreoirí eile dá shamhail san Eoraip.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

I rith 2011, lean an chuideachta ag forfheidhmiú bearta breise éifeachtachta mar a moladh i dtuarascáil Deloitte. Áiríodh anseo úsáid feithiclí le toilleadh níos airde, comhtháthú leis an gClár Iompair Tuaithe agus seirbhísí iompair HSE, agus rannpháirtíocht sa tionscadal taispeána Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI). Feabhsaíodh gach Príomhtháscaire Feidhmíochta le linn 2011 agus táthar ag díriú ar thuilleadh feabhsúcháin do 2012.

Baineadh amach éifeachtúlachtaí costais i seirbhísí iompair scoile chomh maith trí phleanáil gréasáin d'fhonn seirbhísí a fhorbairt go hiomlán, chomh maith le cónascadh bealaí agus idirbheartaíocht faoi rátaí conraitheora in athuair. Tá luach €25 milliún de bhearta coigilte costais in iompar scoile bainte amach ag Bus Éireann ó 2008. Chuir éifeachtúlachtaí a baineadh amach in 2011 go mór leis an riachtanas chun coigiltis €17 milliún a bhaint amach sa Bhuiséad Iompair Scoile faoi 2014 faoin bPlean Téarnaimh Náisiúnta 2011 go 2014.

Úsáideadh teicneolaíocht chomh maith chun costais a laghdú. Laghdaíodh na huairdeanta oscailte d'oifigí ticéad de bharr ardú i ndíolacháin ticéad ar líne agus úsáid meaisín díola ticéad. Tá an chuideachta tiomanta do theicneolaíocht agus nuálaíocht a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú, mar shampla, Wi-Fi a chur sna busanna.

TÁ CLÁIR LEANÚNACHA DE PHROMÓISIN NUÁLACHA AG BUS ÉIREANN CHUN CUSTAIMÉIRÍ AGUS CUSTAIMÉIRÍ FÉIDEARTHA A CHUR AR AN ÉOLAS FAOIN TSEIRBHÍS DEN SCOTH A CHUIREANN SÉ AR FÁIL.

Béim ar Phobail agus ar Chustaiméirí

Soláthraíonn Bus Éireann seirbhísí bus riachtanacha ar fud na tíre, a chuireann le pobail áitiúla, a éascaíonn forbairt gheilleagraic agus a bhreisíonn cáilíocht na beatha do go leor daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe nó chúigeacha. Bhreisigh na taispeántais faisnéise do chustaiméirí ag scáthlín, stadanna agus stáisiúin, agus an clár ionadaithe scáthlín bus, cáilíochta seirbhíse na cuideachta.

Léiríonn suirbhéanna neamhspleácha go bhfuil ardleibhéal sástachta i measc custaiméirí fós ag Bus Éireann.

Anuas air sin, d'éirigh thar barr leis an gcuideachta i dtéarmaí sábháilteacht busanna (93%); foireann na stáisiún (90%); cairdiúlacht na dtiománaithe (87%); agus soláthar faisnéise (83%).

Lean suíomh gréasáin Bhus Éireann - www.buseireann.ie - de bheith ina acmhainn faisnéise agus pleanála turais a raibh an-tóir air don phobal a bhí ag taisteal, agus fuair

an suíomh 400,000 cuairteoir aonair sa mhí ar an meán in 2011, arbh ionann é agus méadú 5% ón mbliain roimhe agus dá bhrí sin bhí suíomh gréasáin Bhus Éireann fós ar cheann de na suíomhanna gréasáin is mó a fuair cuairteoirí in Éirinn. Tháinig méadú os cionn 36% ar dhíolacháin trí shuíomh gréasáin na cuideachta le linn na bliana. Tá os cionn 13,000 duine ag leanúint Bhus Éireann anois ar Facebook. Tá bealaí nua á lorg ag an gcuideachta i gcónaí chun teicneolaíocht agus cumarsáid a fheabhsú de réir mar a fhorbraíonn córais nua.

Mar aon le faisnéis agus agus ceannach ticéad, tá gné pleanála turais ar shuíomh gréasáin na cuideachta freisin a chuireann ar chumas custaiméirí atá ag taisteal chuig cinn scríbe éagsúla ar fud na tíre féachaint ar na ceangail ar aghaidh ar féidir leo a dhéanamh le gréasán comhtháite Bhus Éireann.

D'éirigh go han-mhaith leis an scéim a shábháilann cáin in 2011; cheannaigh os cionn 670 cuideachta ticéid Bhus Éireann a shábháilann cáin agus d'ardaigh ioncam 26%. In 2011, thug Bus Éireann, Iarnród Éireann agus Bus Átha Cliath isteach córas áirithe comhtháite ar líne do TaxSaver. Tá fáilte curtha ag cuideachtaí roimh a éasca agus atá sé an córas áirithe nua ar líne a úsáid.

Infheistíocht sa Chabhach

Tugadh 88 feithicil nua isteach sa chuideachta ag deireadh 2011. Tá gnéithe ar na feithicilí nua cosúil le Wi-Fi, soicéid chumhachta, agus ceangaltáin ISOFIX do shuíocháin sábháilteachta páistí. Rachaidh na feithicilí nua i mbun seirbhíse le linn 2012. De bhrí gur infheistíodh in 88 feithicil nua, beidh compord feabhsaithe ag custaiméirí agus toilleadh ardaithe ar na busanna, agus soláthróidh sé éifeachtúlachtaí inmheánacha.

Áiríodh leis na feithicilí nua:

- 60 feithicil le maoiniú NTA: 25 cóiste comaitéara, 25 bus cathrach agus 10 mbus dhá stór.
- 28 feithicil Luasbhealaigh lena n-áirítear 8 gcóiste dhá stór ina bhfuil dul chun cinn suntasach i sábháilteacht, teicneolaíocht, dearadh agus eispéireas custaiméara.

Iompar Scoile

D'oibrigh Bus Éireann go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2011 d'fhonn a chinntiú go gcuirtear seirbhísí iompair scoile ar fáil faoin Scéim Iompar Scoile chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus páistí le riachtanais speisialta, ar bhealach éifeachtach ó thaobh costas agus éifeachtúil thar ceann an Stáit.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

Iompraítear timpeall 113,000 páiste a bhfuil ticéad acu a eisíodh faoin Scéim Iompar Scoile faoi dhó sa lá ar chabhlaigh tiomanta Bhus Éireann agus faoi chonradh, agus ar sheirbhísí bus agus iarnróid áitiúil agus náisiúnta sceidealaithe atá faoi úinéireacht phoiblí agus faoi cheadúnas príobháideach. Áirítear anseo 8,000 leanbh a bhfuil riachtanais speisialta acu a gcuirtear seirbhísí oiriúnaithe ar fáil dóibh a fheileann dá riachtanais aonair a fheidhmíonn ar bhonn doras le doras.

Tá luach €25 milliún de bhearta coigilte costais in iompar scoile bainte amach ag Bus Éireann ó 2008 in ainneoin gur cuireadh níos mó ná 300 seirbhís nua leis an Scéim Iompar Scoile le linn an ama sin, go príomha do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

In 2011, d'fhorbair agus thug Bus Éireann isteach próiseas iarratais ar líne do theaghlaigh atá ag lorg iompar scoile bunscoile. Tá an próiseas iarratais tapa agus níos áisiúla do thuismitheoirí. Tig le thuismitheoirí anois foirm iarratais a chomhlánú a théann díreach chuig Bus Éireann chun í phróiseáil.

Is í sábháilteacht ár bpáistí scoile atá ag taisteal ar na seirbhísí iompair scoile ardtosaíocht na cuideachta agus tugadh aird ar leith ar chur chun cinn na sábháilteachta ar bhusanna scoile agus ar chumarsáid príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta ag leibhéal áitiúil. Thug Seó Bóthair um Shábháilteacht Busanna Scoile Bhus Éireann cuairt ar scoileanna agus ghlac sé páirt in imeachtaí ilghníomhaireachta timpeall na tíre.

Leanann Bus Éireann air ag oibriú go dlúth le Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána lena chinntiú go ndéantar seiceálacha cúlra ar gach ball pearsanra a bhaineann le soláthar beagnach 4,000 seirbhís iompair scoile faoin Scéim Iompar Scoile, lena n-áirítear tiománaithe Bhus Éireann agus tiománaithe faoi chonradh.

Mar chuid thábhachtach de phrótacail sábháilteachta na cuideachta, fostaíonn Bus Éireann seirbhísí grúpa saineolaíthe neamhspleácha atá tiomanta do sheirbhísí gairmiúla iniúchta d'fheithiclí agus do chórais chothabhála a chur ar fáil agus a thugann comhairle agus cúnamh lena chinntiú go bhfuil nósanna imeachta na cuideachta maidir le cothabháil cabhlaigh, ní hamháin in iompar scoile, comhsheasmhach leis na cleachtais tionscail is fearr.

Úsáidtear an ghníomhaireacht neamhspleách seo chomh maith chun spotseiceáil a dhéanamh ar bhusanna conraitheora faoin Scéim agus tá minicíocht na n-iniúchtaí randamacha ardaíthe ag Bus Éireann.

Feabhsaíonn caighdeán agus raon na seirbhísí iompair scoile atá á soláthar faoin Scéim i rith an ama; tugadh 155 seirbhís nua isteach sa bhliain 2011. Mar sin féin, laghdaíodh líon iomlán na gconraitheoirí a fostaíodh faoi 48 feithicil le linn 2011 trí phleanáil gréasáin éifeachtach agus chúramach, a chuireann go mór le héifeachtúlachtaí

costais, agus níor ardaigh líon na mbusanna scoile ag Bus Éireann.

San am i láthair, tá 404 feithicil atá oiriúnach do chathaoir rothaí ag soláthar seirbhísí iompair scoile gach lá scoile faoin scéim, ardú 35 feithicil ó 2010.

Inrochtaineacht

In 2011, rinne Bus Éireann uasghrádú ar a áiseanna ag Busáras, Luimneach, Inis agus Cill Airne le banna bus atá inrochtana do chathaoireacha rothaí chun oibriú sábháilte chóistí na cuideachta atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a éascú. Cuireadh 88 feithicil nua atá inrochtana go hiomlán leis an gcabhlach chomh maith. Leanfaidh Bus Éireann air ag tabhairt isteach seirbhísí cóiste inrochtana le háiseanna ardaítheora do chathaoir rothaí ar bhonn bealaigh ar bhealach, a luaithe agus a bheidh líon iomlán na gcóistí inrochtana ar fáil. Le linn 2011, tháinig an Grúpa Úsáideoirí Míchumais le chéile roinnt uaireanta chun an dul chun cinn atá á dhéanamh a phlé agus chun athbhreithniú a dhéanamh air.

Tá Bus Éireann ina bhall de Choiste Inrochtana Iompair Phoiblí (PTAC) agus tá grúpa úsáideoira gníomhach a phléann le cúrsaí inrochtana againn a bhfuil IWA, DeafHear, NCBI agus an Grúpa Fócais Míchumais ar Fhóram Pobail Bhaile Átha Cliath i measc na mball. Tá na grúpaí seo réamhghníomhach i bhforbairt seirbhísí inrochtana Bhus Éireann.

Bainistíocht Sábháilteachta agus Riosca

Is í sábháilteacht na gcustaiméirí agus na foirne príomhthosaíocht Bhus Éireann. Leanann an lucht bainistíochta orthu ag atreisiú cultúr sábháilteachta ar fud na heagraíochta. Mar chuid de seo, lean an chuideachta ag infheistiú in oiliúint do bhaill foirne cosúil le Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC), bainistíocht sábháilteachta agus oiliúint theicniúil don fhoireann cothabhála in 2011. De réir beartais, déanann an chuideachta athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar na córais bhainistíochta sábháilteachta. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar Ráiteas Sábháilteachta Bhus Éireann agus cuirtear faoi bhráid na foirne ar fad é.

CIE Tours International

D'éirigh go maith le CIE Tours International sa bhliain 2011 ó thaobh na trádála de. Rinneadh dul chun cinn ar an méid a baineadh amach sa bhliain 2010. Tháinig méadú 24.6% ar an ioncam go €47.3 milliún nó méadú €9.3 ar fhigiúr 2010. Mhéadaigh líon na bpaisinéirí faoi 2,500 duine freisin go

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

beagán faoi bhun 39,000 paisinéir. Tháinig borradh mór ar an uile réimse den ghnó, go háirithe ar dhíol na dturas cóiste ina bhfuil Éire agus an Bhreatain san áireamh; tháinig méadú 50% air seo i gcomparáid leis an mbliain 2010.

Is é margadh Mheiriceá Thuaidh an príomh-mhargadh ina mbíonn CIE Tours International san iomaíocht. Faightear 90% den ioncam sa mhargadh faoi leith seo. Maidir leis an gcuid eile den ghnó, pléitear leis na margáí níos lú, mar shampla, an Spáinn, an Réigiún Nordach agus an Astráil/an Nua-Shéalainn.

I ngeimhreadh agus in earrach 2010/2011, rinne CIE Tours International athstruchtúrú mór ar a oifig i mBaile Átha Cliath. D'eascair laghdú ar na costais foirne as an mbeart seo. Sa mhullach air sin, tugadh teicneolaíocht nua isteach a chuir éifeachtúlachtaí le hoibríochtaí na cuideachta.

Tá níos mó áirithintí á chur in áirithe le haghaidh shéasúr 2012 ná mar a cuireadh le haghaidh shéasúr 2011 agus táthar dóchasach go mbainfear na spriocanna a leagadh síos amach. Mar sin féin, is ábhar imní fós í an chobhsaíocht eacnamaíoch san Eoraip agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá do CIE Tours International. D'fhéadfadh tionchar láithreach a bheith ag aon mhórbhriseadh geilleagrach i stocmhargáí na Stát Aontaithe ar áirithintí na cuideachta.

Leanfaidh CIE Tours International air ag déanamh infheistíochta sa teicneolaíocht d'fhonn gníomhaíochtaí oibríochtúla a chur chun feabhais agus d'fhonn a dhíolacháin agus a fheidhmeanna margaíochta a bhreisiú. De bhrí na hinfeistíochta seo, beidh an chuideachta fós mar an príomhoibreoir do thurais chóistí ó SAM go hÉirinn.

Réadmhaoin Ghrúpa

Bhain Rannóg na Réadmhaoine Grúpa díolacháin réadmhaoine neamhoibríochtúla amach arbh ionann iad agus €22.2 milliún, chomh maith le glanioncam cíosa €12.2 milliún in 2011, i gcomparáid le €13.3 milliún in 2010. Mar gheall ar riocht an gheilleagair i láthair na huaire, tá brú leantach anuas ar chíosanna.

Níltear dóchasach go dtabharfar aghaidh ar fhorbairt réadmhaoine tráchtála go ceann tamaill ghairid. San am atá le teacht, áfach, tá CIÉ ag comhoibriú leis na gníomhaireachtaí pleanála chun deiseanna cuí forbartha a shainiú agus a réiteach lena réadú amach anseo. Tá cinneadh le déanamh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa chéad leath de 2012 maidir le hiarratas ar chead pleanála 10 mbliana faoi choinne tailte ag Stáisiún Uí Chonghaile. Anuas air sin, tá creatstraitéisí pleanála á réiteach faoi láthair faoi choinne tailte ag Sráid an tSirriam agus ag Stáisiún Heuston.

Cuireann Réadmhaoin Ghrúpa seirbhísí gairmiúla ar fáil chomh maith do thionscadail éagsúla bhonneagair de

chuid Iarnróid Éireann, go háirithe tionscadail a bhaineann le crosairí comhréidhe, Bealach Chill Dara, Corcaigh/Mainistir na Corann agus an Bealach/Dún Búinne/an Uaimh.

Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)

Tá meath leanúnach ag teacht ar chaiteachas fógraíochta. Tá laghdú mór ar luach a ngléasra fógraíochta feicthe ag na húinéirí.

Tháinig laghdú caiteachais 9% ar an ngnó fógraíochta allamuigh de chuid CIÉ sa bhliain 2011, rud a chuireann na himthosca geilleagracha eisceachtúla in iúl. D'fhreagair an lucht fógraíochta go stuama don éileamh intíre atá ag dul i laghad agus don fhaitíos i dtaobh an rachlais idirnáisiúnta airgeadais; stop siad ag caitheamh airgid agus laghdaigh siad a mbuiséid mhargaíochta.

Ar a shon sin, is é buntáiste an cháis seo go mbreathnaítear ar an bhfógraíocht allamuigh anois mar luach maith agus go bhfuil sí níos solúbtha i dtaca lena féidir léi a thairiscint do chliaint. In ainneoin dhrochstaid an gheilleagair san am i láthair, tá an Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN) ag forbairt gléasra agus táirgí nua fógraíochta i rith an ama.

Léargas Ginearálta ar Úsáid Fuinnimh an Ghrúpa in 2011

Áirítear le hídiú fuinnimh an Ghrúpa ola dhíosail le cabhlaigh bhusanna Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, carráistí Idirchathrach Iarnród Éireann agus Traenacha Díosail Ilaonad a rith. Leictreachas le haghaidh rith sheirbhís DART Iarnród Éireann, uathchrosairí comhréidhe, stáisiúin traenach agus bhus, seomraí trealaimh, ceardlanna agus riachtanais ghinearálta oifige. Baintear sochar as gás nádúrtha agus ola téimh i gcomhair téamh spáis oifige agus ceardlann. Liostaítear an phróifíl úsáide do 2010/2011 sa tábla thíos.

Próifíl ídithe fuinnimh an Ghrúpa	MWhr 2011	MWhr 2010
Ola dhíosail le haghaidh tarraingthe	1,060,574	1,081,700
Leictreachas le haghaidh tarraingthe	25,000	26,700
Leictreachas le haghaidh nithe eile	52,928	52,000
Gás	23,015	33,900
Ola téimh	1,365	1,400

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

Gníomhartha a Gabhadh de Láimh le Costais Fuinnimh a Laghdú

Rinneadh coigilteas i gcostais fuinnimh sa Ghrúpa tríd síos sa bhliain 2011. Tá siad seo a leanas ina measc:

Iarnród Éireann

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh lena chuid oibre ar roinnt leibhéal in 2011:

Breosla Díosail le haghaidh Tarraingthe

- Tionscnaíodh clár tástála ar tháirge le próiseas a fhíorú a éilíonn go laghdaíonn sé ídiú breosla in innill fhrithingeacha díosail.
 - Ceannaíodh trealamh tomhais agus suiteáladh é i gceithre fheithicil iarnróid (DMUnna Comaitéara).
 - Bhí an trealamh seo le coimisiúnú go luath in 2011, ach cuireadh moill 12 mhí air de bharr deacrachtaí teicniúla nach rabhthas ag súil leo. Tá an córas ag oibriú anois agus tá tomhais bhonnline á dtairfeadh.
 - Beidh an tástáil ar siúl ar feadh seacht mí.
 - Déanfar measúnú ar na torthaí le heolas a thabhairt don chinneadh faoi gníomhartha amach anseo.
 - Coigilteas féideartha 25,000 MWh in aghaidh na bliana.
- Uathmhúchadh/atosú inneall traenach.
 - Fuarthas córas dílsithe agus tá comhaontú conartha á chur i gcrích faoi láthair.
- Uathmhúchadh inneall cúnta i DMUnna Comaitéara den chineál 2900.
 - Tá coigilteas 4,500 MWh in aghaidh na bliana á bhaint amach.

Soilsiú i gCarrchlóis

- Tugadh aghaidh ar chláir chun soilsiú díluchtaithe a ionadú le soilse fluaraiseacha ionduchtaithe i 22 carrchlós.
- Múchann/atosáíonn na soilse seo uathu féin trí bhraiteoirí áitíochta.

- Tá coigilteas de bhreis ar 250 MWh in aghaidh na bliana á bhaint amach.

Ídiú Gáis

- Rialtáin níos fearr, idir chinn uathoibríocha agus chinn láimhe.
- Baineadh coigilteas 5,500 MWh in aghaidh na bliana amach in 2011.

Bus Éireann

Tá Bus Éireann ag déanamh a sheacht ndícheall chun a úsáid fuinnimh a laghdú agus chun a éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun feabhais. Thug sé faoin méid seo a leanas le linn na bliana 2011:

- I mBealtaine 2011, thosaigh Bus Éireann ag obair le Grúpa Oibre de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar Airgeadas Aisfheistithe san Earnáil Phoiblí, agus ina dhiaidh sin fuair Bus Éireann ballraíocht i Nasc Fuinnimh na hEarnála Poiblí de chuid an Údaráis.
- Le linn 2011, scrúdaigh Bus Éireann roinnt tionscadail feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh, agus rinneadh aighneachtaí maidir leo seo chuig an SEAI faoin scéim, Fuinneamh níos fearr in Ionaid Oibre, 2011, de chuid an Údaráis. Faoin Scéim seo, chríochnaigh Bus Éireann tionscadail de luach €296,000 agus fuarthas cúnamh deontais do 35% díobh. Díriodh na tionscadail ar iostaí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus béim ar uasghrádú éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh, go háirithe ar rátálacha inlisithe a fheabhsú.
- De réir na moltaí i Suirbhé Deiseanna Coigilte Fuinnimh an SEAI, uasghrádaíodh méid mhór de na córais do shoilsiú oifige, garáiste agus clóis sna láithreacha seo chuig trealamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh.

Bus Átha Cliath

In 2011, thug Bus Átha Cliath faoi réimse tionscnamh chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lenar áiríodh:

- Chlúdaigh cabhlach Bhus Átha Cliath 1.7 milliún ciliméadar níos lú in 2011 de bharr chuíchóiriú an chabhlaigh tríd an tionscadal Gréasán Díreach. Laghdú 2.7% é seo ar an líon ciliméadar a clúdaíodh in 2010.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

- Soilse atá tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil i gcomhair clóis pháirceála agus ceardlanna áise cothabhála.
- Caidéil bhreosla a ionadú le mótaí ardéifeachtúlachta.
- Méadair bhíge gháis a shuiteáil agus a nascadh leis an gcóras BMS mar chuid de mhonatóireacht leanúnach ar ídiú gáis sna háiseanna cothabhála.
- Feasacht ar chúrsaí fuinnimh a chur chun cinn i measc na mball foirne.
- Leanúint le monatóireacht fuinnimh ag gach áitreabh.
- Rannpháirtíocht sa triailchlár um monatóireacht fuinnimh san earnáil phoiblí de chuid SEAI.
- Mionathrú ar an luas réchasta sa chabhlach reatha d'fhonn ídiú breosla a laghdú.
- Modúl oiliúna san éicithiomáint mar chuid den chlár um Dheimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) do thiománaithe.

I dteannta a chéile, tá na bearta seo agus bearta coigilte fuinnimh eile ag coigilt 15,703 MWh in aghaidh na bliana.

Gníomhartha a Bheartaítear do 2012

Iarnród Éireann

Tá sé ar intinn ag Iarnród Éireann in 2012 an feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú níos mó trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

Breosla Díosail le haghaidh Tarraingthe

- Táirge le feidhmíocht innill fhrithingeacha díosail a fheabhsú:
 - Cuirfear clár tástála do bhreiseán breosla i bhfeidhm agus i gcrích.
 - Faoi réir torthaí sásúla tástála, cuirfear tús leis an gclár um chur i bhfeidhm.
 - Coigilteas féideartha 25,000 MWh in aghaidh na bliana.
- Uathmhúchadh/atosú d'innill traenach:
 - Faoi réir conartha, cuirfear tús leis an gclár um chur i bhfeidhm in 2012.
 - Coigilteas féideartha 6,000 MWh in aghaidh na bliana.

Soilsiú

- Feadán nua T8 a chur i bhfeidhm i bhfeistis “Switch Start” ar fud na heagraíochta:
 - Coigilteas féideartha 70 MWh i mbliain iomlán.

Rialú Téimh

- Cláreagrú Rialaithe Teochta ar fhoirgnimh a chur i bhfeidhm:
 - An call le “téitheoirí plugála isteach” breise a laghdú.
- Cláreagrú Rialaithe Teochta de “théitheoirí plugála isteach” a chur i bhfeidhm nuair a theastaíonn siad:
 - Coigilteas féideartha 200 MWh i mbliain iomlán.

Bus Éireann

Le linn na bliana 2011, réitíodh sonraíochtaí, iarradh tairiscintí agus ceannaíodh 88 feithicil nua le haghaidh seirbhísí Cathrach agus Luasbhealaigh lena gcur i mbun seirbhíse ag tús na bliana 2012. Seasann na tionscadail seo d'infheistíocht iomlán €30 milliún i gcabhlach feithicil na cuideachta. Feabhsaíonn na feithicilí seo feidhmíocht fuinnimh mar seo a leanas:

- Suiteáladh Córais Teileamaitice um Bainistiú Cabhlaigh ar na feithicilí seo agus cuidíonn an trealamh seo le tiománaithe tiomáint thíosach gach cineál feithicle a uasmhéadú.
- Tá áis Réchasadh Innill Scoite uathoibríoch ag na feithicilí uile a ceannaíodh. Cinntíonn sé seo go múchtar an t-inneall tar éis tréimhse ina stad, agus dá bhrí sin go sábháiltear breosla agus go laghdaítear astuithe.

Bus Átha Cliath

Tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath in 2012 feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú níos mó trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

- Trialacha a thionscnamh maidir le héicithiomáint cabhlaigh trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht ar bord;
- Caidéil uisce a uasghrádú agus a ionadú le mótaí atá tíosach ar fhuinneamh;
- Triail a bhaint as soilsiú malartach atá tíosach ar fhuinneamh i gcomhair claiseanna agus oifigí ceardlainne;

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

- Feithiclí nua a cheannach ina gcuirfear innill chaighdeánacha Euro 5; agus
- Tuilleadh deiseanna coigilte fuinnimh a shainaitheint trí na foirne áitiúla bainistíochta fuinnimh.

Fostaíocht

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí ar fostú ag Grúpa CIÉ ag deireadh 2011 10,398; ba laghdú 557 é seo ar an mbliain 2010, tar éis laghduithe dá samhail in 2009.

Rannpháirtíocht na Foirne

Is é príomhshócmhainn Ghrúpa CIÉ a chuid foirne. Is é beartas Ghrúpa CIÉ an acmhainn sócmhainne seo a uasmhéadú trí chultúr rannpháirtíochta agus obair bhuíne a spreagadh. Spreagtar na fostaithe uile le páirt a ghlacadh i stiúradh Ghrúpa CIÉ trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, trí mheithleacha agus trí thionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. Tá ceathrar comhaltaí oibrí ar Bhord CIÉ.

Comhdheiseanna

Leanann an Grúpa, trína oifigigh chomhionannais, ar aghaidh ag feabhsú an chomhionannais san ionad oibre do gach grúpa atá clúdaithe ag reachtaíocht comhionannais. Coimeádtar réimse na dtionscadal um Chothromaíocht Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa faoi athbhreithniú leanúnach. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le roinnt eagraíochtaí seachtracha i bhforbairt a chuid cleachtas agus nósanna imeachta, e.g. trí bheith mar bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht san Ionad Oibre in IBEC.

Inrochtaineacht

Tá caidreamh gníomhach le heagraíochtaí dóibh siúd a bhfuil fadhbanna gluaisteachta ag gabháil dóibh chun tosaíochtaí a bhunú chun inrochtaineacht feithiclí, oifigí agus stáisiún a sholáthar.

Cleachtais Íocaíochta

Tuigeann CIÉ a fhreagracht maidir le comhlíonadh a chinntiú, i ngach ngné ábhartha, le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Ba é beartas íocaíochta an Ghrúpa tríd síos in 2011 cloí le ceanglais an rialacháin.

Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair Ghrúpa CIÉ i bhfeidhm le comhlíonadh Threoracha Fóntas agus Soláthair Phoiblí an AE a chinntiú, mar aon le beartais an Rialtais agus an Bhoird. Go suntasach, cuireadh na soláthairtí uile os cionn na dtairseach cáilíochta chun tairisceana oscailte agus cuireadh isteach in Iris an AE iad nuair a bhí amhlaidh oiriúnach.

Rioscaí Bunaireid

Déileálann Grúpa CIÉ leis na rioscaí bunaireid do na gnóthaí i roinnt slite éagsúla, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht. Coinníonn gach ceann de na cuideachtaí clár rioscaí agus déantar é a nuashonrú ó am go chéile leis na rioscaí agus na pleananna gníomhaíochta éagsúla chun dul i ngleic leo seo. Téann Iarnród Éireann, ar a shon féin, Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, i mbun conarthaí malartaithe tráchtearra le haghaidh breosla. Tugann CIÉ faoi réamhcheannach airgeadra sa chás go measann sé go bhfuil luach ann agus riosca laghdaithe don Ghrúpa.



Soláthraíonn Bus Átha Cliath seirbhísí tointeála le haghaidh cuid mhór imeachtaí ardiomrá, macasamhail theacht an Uachtaráin Obama chun na hÉireann.

Struchtúr an Ghrúpa

Is é Córas Iompair Éireann an t-údarás reachtúil náisiúnta a chuireann iompar poiblí ar thalamh ar fáil laistigh de Phoblacht na hÉireann. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Tá cuideachta shealbháíochta an Ghrúpa eagraithe i gceithre fhochuideachta oibríochá, dhá aonad gnó agus soláthraithe fosheirbhíse. I dteannta a chéile, soláthraíonn siad seirbhísí dóibh seo a leanas:

- Taisteal paisinéirí iarnróid
- Tarlú lasta iarnróid
- Taisteal bus cathrach, idirchathrach, tuaithe agus scoile
- Bainistíocht calafort
- Turais imeachta/laethanta saoire
- Fosheirbhísí:

Bainistíocht tionscadal; Réadmhaoín; Seirbhísí Dlí; Bainistíocht Árachais/Dliteanais; Seirbhísí IT agus Teileachumarsáide.

Cuireann an chuideachta shealbháíochta treoir, rialú agus comhordú iomlán straitéiseach ar fáil, agus tá ardleibhéal uathrialach oibríúcháin ag gach fochuideachta agus aonad gnó.

Córas Iompair Éireann



- CIE Tours International Inc.
- Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)
- Réadmhaoín Ghrúpa Clé
- Bainistíocht Árachais/Dliteanais
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Seirbhísí Dlí

Iarnród Éireann



- Idirchathrach
- Fo-uirbeach
- Cian-chomaitéir
- Lasta Iarnróid
- Calafort Ros Láir

Bus Éireann



- Luasbhealach
- Seirbhísí Tuaithe
- Seirbhísí Cathrach Cúige
- Seirbhísí Bus Scoile
- Fruiliú Príobháideach

Bus Átha Cliath



- Seirbhísí Cathrach
- Xpresso
- Nitelink
- Airlink
- City Tours
- Fruiliú Príobháideach

Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

Comhaltaí an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina gcomhaltaí Boird ag aon am le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011, nó a ceapadh ó shin, luaite anseo. Ba chomhaltaí Boird iad ar feadh na bliana iomláine seachas má léirítear a mhalairet.

Vivienne Jupp	Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin (Ceaptha an 29 Meitheamh 2011)
John J. Lynch	Cathaoirleach Feidhmiúcháin (Athcheaptha an 29 Márta 2011 agus imithe ar scor an 28 Meitheamh 2011)
Kevin Bonner	(Ceaptha an 29 Meitheamh 2011)
Mick Cullen ●	(Imithe ar scor an 4 Deireadh Fómhair 2012)
P. J. Drudy	(Ceaptha an 24 Iúil 2012)
Phil Gaffney	(Ceaptha an 29 Meitheamh 2011)
Helen Keelan	(Ceaptha an 11 Deireadh Fómhair 2011)
Paul Kiely	(Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)
Dermot Killen	(Imithe ar scor an 18 Bealtaine 2012)
Graham Lightfoot	(Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)
Paul Mallee	(Ceaptha an 29 Meitheamh 2011)
Bill McCamley●	
Willie McDermott●	
Aebhric McGibney	(Ceaptha an 11 Deireadh Fómhair 2011)
Frances Meenan	(Ceaptha an 24 Iúil 2012)
John Moloney●	
Neil Ormond	(Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)
Yvonne Scannell	(Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)
Seamus Sheerin	(Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)

● Comhalta oibrí

1 fholúntas

Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath
8. Guthán: + 353 1 703 2008, Facs: + 353 1 703 2276

Coistí an Bhoird

An Coiste Iniúcháireachta

Helen Keelan	Cathaoirleach (Ceaptha an 3 Samhain 2011)
Paul Kiely	Cathaoirleach (Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)
P. J. Drudy	(Ceaptha an 4 Deireadh Fómhair 2012)
Phil Gaffney	(Ceaptha an 5 Aibreán 2012)
Dermot Killen	(Imithe ar scor an 18 Bealtaine 2012)
Graham Lightfoot	(Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)
Neil Ormond	(Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)
1 fholúntas	

An Coiste Airgeadais

Paul Kiely	Cathaoirleach (Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)
Aebhric McGibney	Cathaoirleach (Ceaptha an 2 Feabhra 2012)
Kevin Bonner	(Ceaptha an 5 Aibreán 2012)
Dermot Killen	(Imithe ar scor an 18 Bealtaine 2012)
Paul Mallee	(Ceaptha an 1 Meán Fómhair 2011)
Frances Meenan	(Ceaptha an 4 Deireadh Fómhair 2012)
Neil Ormond	(Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)
Seamus Sheerin	(Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)

An Coiste Luach Saothair

Paul Kiely	Cathaoirleach (Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)
Phil Gaffney	(Ceaptha an 5 Aibreán 2012)
Vivienne Jupp	(Ceaptha an 1 Meán Fómhair 2011)
John J. Lynch	(Imithe ar scor an 28 Meitheamh 2011)
Seamus Sheerin	(Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)
1 fholúntas	

Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa (ar lean)

An Coiste Réadmhaoine

Neil Ormond Cathaoirleach
(Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)

Graham Lightfoot (Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)

Yvonne Scannell (Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)

Lánscoireadh an Coiste seo an 4 Deireadh Fómhair 2012 agus aistríodh a chuid freagrachtaí chuig Coiste Airgeadais Bhord CIÉ.

An Coiste Sábháilteachta

Phil Gaffney (Ceaptha an 1 Meán Fómhair 2011)

Dermot Killen (Imithe ar scor an 18 Bealtaine 2012)

Graham Lightfoot (Imithe ar scor an 28 Aibreán 2011)

Frances Meenan (Ceaptha an 4 Deireadh Fómhair 2012)

2 fholúntas

Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

David Griffin Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa

Paddy Doherty Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath

Dick Fearn Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann

Martin Nolan Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann

Brian Stack Stiúrthóir Bainistíochta, CIE Tours International

Iniúcháirí

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe,
Aon Duga Spencer,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

Príomhbhaincéir

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.

Aturnae

Colm Costello,
Teach Uisce an Droichid,
Droichead na hInse,
Baile Átha Cliath 8.




Eolas faoi Bhord Chóras Iompair Éireann



Vivienne Jupp, Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin

Ceapadh Vivienne Jupp ina Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar CIÉ i mí an Mheithimh 2011. Sainchomhairleoir bainistíochta í agus bhíodh sí ina Stiúrthóir Bainistíochta Domhanda ag

Accenture. Bhí roinnt ceapacháin Rialtais ag Vivienne, lena áiríodh Cathaoirleach ar Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus bhíodh sí ina ball de Choimisiún Craolacháin na hÉireann. Bhíodh sí ina ball den Ghasra Athbhreithnithe ar Luach Saothair níos Airde san Earnáil Phoiblí agus bhí sí ar Bhord Fhoras Ospíse na hÉireann freisin. Bhain sí BComm agus MBS amach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD). Sa bhliain 2000, bronnadh an Gradam Alumnus den Scoth uirthi ó Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit, UCD.



John Lynch, Cathaoirleach Feidhmiúcháin

Ceapadh John Lynch ina Chathaoirleach ar CIÉ agus ar a fhochuideachtaí a chéadair i mí an Mhárta 2000. Roimh a cheapachán do Ghrúpa cuideachtaí

CIÉ, bhí sé ina Chathaoirleach agus ina Ard-Stiúrthóir ar FÁS. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Gáis agus ar Airmheán Táirgiúlachta na hÉireann. Bhí sé ina stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí príobháideacha leis. Bhain John cáilíocht amach mar innealtóir in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail sé ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath freisin agus ghnóthaigh sé BComm i 1971 agus MBA i 1974. Sa mhullach air sin, shaothraigh sé dochtúireacht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Chuaigh an tUasal Lynch ar scor ón mBord i mí an Mheithimh 2011.



Kevin Bonner

Ceapadh Kevin Bonner ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath agus ar Bhord CIÉ i mí an Mheithimh 2011. Is iar-Ard-Rúnaí de chuid na Roinne Fiontar agus Fostaíochta é Kevin. Bhí sé ina chathaoirleach nó ina stiúrthóir ar roinnt comhlachtaí/cuideachtaí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí, e.g. Foras na Mara, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Waterford Stanley. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (BA) agus de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (MScEcon) é.



Mick Cullen

Ceapadh Mick Cullen ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Mick i mbun oibre le hIarnród Éireann sa bhliain 1972 agus oibríonn sé i Loch Garman mar chomharthóir. Tá sé ina bhall de SIPTU agus déanann sé

ionadaíocht d'oibríthe iarnróid. Chuaigh Mick ar scor ón mBord i nDeireadh Fómhair 2012.



An tOll. P. J. Drudy

Ollamh Emeritus san Eacnamaíocht, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Iar-Dhéan Sinsearach agus Iar-Sparánaí an Choláiste é an tOll. Drudy. B'iomaí coiste agus comhlacht a raibh sé orthu a bhain le cúrsaí oideachais, airgeadais, pleanála agus forbartha. Ina measc bhí an Regional Studies

Association (Cisteoir), craobh na hÉireann den Regional Studies Association (Cathaoirleach), Coiste Bainistíochta an Regional Studies Association, Irisleabhar an Regional Studies Association (Cathaoirleach), Comhlachas Eacnamaíochta na hEorpa, Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, Bord Choláiste na Tríonóide agus mórán coistí eile. Ina theannta sin, bhí sé ina chomhairleoir agus ina chomhairleach do líon comhlachtaí poiblí agus deonacha. Ina measc siúd bhí an Coimisiún Eorpach, an Roinn Comhshaoil sa Bhreatain, Bord Iascaigh Mhara, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas agus Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath. Is iomaí leabhar agus páipéar atá curtha i gcló ag an Ollamh Drudy faoi gheilleagar na hÉireann, faoi fhorbairt uirbeach agus réigiúnach agus faoi thithíocht. Ceapadh an tOllamh Drudy ar Bhord CIÉ i mí Iúil 2012.

Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa (ar lean)



Phil Gaffney

Ceapadh Phil Gaffney ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Iarnród Éireann i mí an Mheithimh 2011. Roimhe sin, bhí sé ina stiúrthóir ar Iarnród Éireann ón mbliain 2006 amach. Innealtóir comharthaíochta iarnróid is ea é. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí na Nollag 2005, chaith

Phil 28 bliain leis an MTR i Hong Cong. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ar Bhord Crossrail i Londain agus ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Crossrail freisin.



Helen Keelan

Tá taithí ghnó 25 bliain ag Helen Keelan. Bhí poist shinsearacha airgeadais agus bainistíochta straitéisí aici in Ericsson, Omnitron agus Intel. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í Helen ar roinnt bord agus is comhairleach í freisin a thugann comhairle

do chuideachtaí faoi chúrsaí straitéise agus rialachais. Comhairleoir gnó í Helen ar an gClár Oiliúna Feidhmiúcháin de chuid Ollscoil Stanford, "Strategic Leadership for CFOs", atá á chur chun cinn ag Fiontraíocht Éireann. Bhíodh sí ina comhalta boird de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach roimhe seo.


Is céimí le B.Comm. (Onóracha) í Helen de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus is iarchéime í de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le M.Sc. (Bainistíocht). Cháiligh sí mar chuntasóir cairte le linn di a bheith fostaithe le KPMG agus is Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn í. Sa bhliain 2009, rinne Institute of Directors, Londain, Stiúrthóir Cairte de Helen.



Paul Kiely

Rinne Paul Kiely staidéar ar Chuntasaíocht Bhainistíochta agus Chostála sa Choláiste Tráchtála i Ráth Maonais sular thosaigh sé ag obair sa Phríomh-Chlinic Íocshláinteach (CRC) i mí Eanáir 1977. Ceapadh é mar Phríomhfheidhmeannach an CRC i

mí Eanáir 1988 agus tá an post sin aige go fóill. Bhí Paul ina stiúrthóir ar Great Southern Hotels idir 1988 agus 1995 agus bhí baint aige le mórán cuideachtaí san earnáil chúram sláinte/mhíchumais mar stiúrthóir. Chuaigh Paul ar scor ón mBord i mí Aibreáin 2011.



Dermot Killen

Comhairleoir gnó is ea Dermot Killen. Is comhpháirtí é in McGuinness Killen Partnership Ltd. Anuas air sin, is léachtóir é i mBainistíocht Acmhainní Daonna ag leibhéal fochéime agus iarchéime in NCI agus i mBainistíocht Acmhainní Daonna

agus i mBainistíocht Oibríochtaí ag leibhéal fochéime in IT Cheatharlach. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir HR i nGrúpa Smurfit in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tá taithí ag Dermot i bhforbairt beartais agus straitéise ó thaobh an ghnó de i réimse iomlán na saincheisteanna HR agus IR. Is céimí innealtóireachta é Dermot ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Sa mhullach air sin, tá Máistreacht in Iompraíocht Eagraíochta (TCD) agus Máistreacht i dTaighde Gnó (Durham, an Ríocht Aontaithe) aige agus is Comhalta é den Chartered Institute of Personnel and Development. Chuaigh Dermot ar Bhord CIÉ i mí na Bealtaine 2009 agus chuaigh sé ar scor i mí na Bealtaine 2012.



Graham Lightfoot

D'éirigh Graham Lightfoot ina bhall de Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2008. Is comhairleoir iompair inbhuanaithe é agus is Stiúrthóir Bainistíochta Mendes Ltd. agus GoCar CarSharing Ltd. é leis. Tá taithí aige i scéimeanna pobalbhunaithe

agus i scéimeanna paisinéirí poiblí in Éirinn, sa Bhreatain agus san Astráil. Bhí baint aige le tionscadail forbartha pobail áitiúla chomh maith. Tá Graham ina Bhall Cairte den Chartered Institute of Logistics & Transport Ireland agus tá BSc aige i mBainistíocht agus Pleanáil Iompair. Chuaigh Graham ar scor ón mBord i mí Aibreáin 2011.

Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa (ar lean)



Paul Mallee

Ceapadh Paul Mallee ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath agus ar Bhord CIÉ an 29 Meitheamh 2011. Is sainchomhairleoir bainistíochta san earnáil iompair atá ann, a oibríonn go hidirnáisiúnta. Roimhe sin, b'fheidhmeannach straitéise corparáidí sinsearach a bhí ann

le Etihad Airways. D'oibrigh Paul ar feadh roinnt blianta chomh maith i gcleachtas iompair na cuideachta domhanda Booz & Company a phléann le sainchomhairliúcháin straitéise. Is Ánra é den Chartered Institute of Logistics and Transport (CILT) Ireland, agus tá seal mar Uachtarán ar an eagraíocht díreach curtha i gcrích aige. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit é. Tá Céim Mháistreachta aige i mBainistíocht agus Pleanáil Straitéiseach, Céim Baitsiléara Tráchtála agus Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil i mBainistíocht Oibríochtaí Iompair ar Bhóithre.



Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley ar Bhord CIÉ a chéaduaire i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Bill ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1974 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile

Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de SIPTU agus rinne sé ionadaíocht d'oibríthe bus ag leibhéal áitiúil agus brainse leis na blianta.



Willie McDermott

Ceapadh Willie McDermott ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Willie ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile


Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU agus déanann sé ionadaíocht d'oibríthe bus.



Aebhric McGibney

Ceapadh Aebhric McGibney ar Bhord CIÉ i mí Dheireadh Fómhair 2011. Stiúrthóir Beartais agus Cumarsáide é i gComhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil freagracht air as cúrsaí Rialtais agus cúrsaí idirnáisiúnta, caidreamh poiblí agus cumarsáid na

mball. Bhí sé ina léachtóir, ina chomhairleach geilleagrach agus ina Eacnamaí Sinsir le IBEC roimhe seo. Tá M.Litt. (Eacnamaíocht) ag Aebhric ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bronnadh Gradam Liosta an Déin air sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath as a MBA in 2001.



Frances Meenan

Abhcóide cleachtach í Frances Meenan a phléann den chuid is mó leis an dlí i leith cúrsaí fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch san uile leibhéal, is é sin le rá, roimh na fóraim fostaíochta agus na cúirteanna uile. Tá taithí

aici ag comhdhálacha idir-réitigh ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais i dtaca le réiteach díospóidí trádála. Idirghabhálaí í Francis ag a bhfuil creidiúnú CEDR. Bhí baint aici le roinnt idirghabhálacha tráchtála ar na mallaibh freisin. Lena chois sin, is ball í den Institute of Arbitrators agus thug sí comhairle don Choimisiún Eorpach i dtaca le dlí an idirdhealaithe. Ceapadh Frances ar Bhord CIÉ i mí Iúil 2012.



John Moloney

Ceapadh John Moloney ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh John ag oibriú le Bus Éireann sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Thobar an

Chaipín i gCorcaigh mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU.

Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa (ar lean)



Neil Ormond

Tá Neil Ormond ina bhall ainmnithe fostóra den Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Bhíodhsé ina stiúrthóir ar Irish Biscuits Ltd. agus ar Trent Yeast Ltd. (an Ríocht Aontaithe). Ba Cheannasaí Táirgeachta é freisin sa Bovril Group (an Ríocht Aontaithe). D'éirigh Neil ina bhall de Bhord CIÉ

i mí an Mhárta 2005 agus d'imigh sé ar scor in Aibreán 2011.



Yvonne Scannell

Ceapadh Yvonne Scannell ar Bhord CIÉ a chéaduaire i mí an Mhárta 2005. Is ollamh í i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tugann sí léachtaí faoi Dhlí Comhshaoil, Pleanála agus Úsáid Talún agus faoi Dhlí Rialála. Is sainchomhairleoir í sa Dlí Comhshaoil, Pleanála agus

Athrú Aeráide le hAturnaetha Arthur Cox. Ainmnítear go rialta í mar cheann de na dlíodóirí comhshaoil is fearr in Éirinn agus scríobh sí sé leabhar faoin ábhar. Tá antaithí chorparáideach ag Yvonne i ndiaidh di bheith ar roinnt bord, lena n-áirítear Tara Mines, Coillte, EBS, agus Corparáid Náisiúnta Pheitriam na hÉireann. Tá sí ina ball den Chomhairle Eorpach um Dhlí Comhshaoil agus den Chomhairle Idirnáisiúnta um Dhlí Comhshaoil. Chuaigh Yvonne ar scor i mí Aibreáin 2011.



Seamus Sheerin

Ceapadh Seamus Sheerin ar Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2008. Is Stiúrthóir Bainistíochta é ar Capital Securities Corporation. Gnóthas iad seo atá bunaithe i lár na tíre a phléann le cothromas príobháideach. Bhunaigh sé Capital Securities lena chuid comhghleacaithe sa

bhliain 2005. Tá straitéis earnála agus gheilleagrach acu agus tá leas acu i mbia miondíola agus i gcúram sláinte sa Ghearmáin, mar aon le leasanna dúchasacha sna hearnálacha seirbhíse in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is céimí é Séamus de chuid an Institute of Bankers agus tá cáilíochtaí aige sa chuntasaíocht, san eacnamaíocht, sa dlí agus sa mhargaíocht. Tá M.B.A. aige ó Scoil Ghnó Henley in Ollscoil Reading sa Ríocht Aontaithe. Chuaigh Séamus ar scor i mí Aibreáin 2011.

Ráiteas ar Rialachas Corparáideach

Leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit prionsabail an rialachais chorparáidigh a gcaithfidh Comhlachtaí Stáit cloí leo. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus le forálacha an Chóid Chleachtais.

An Bord

Cuimsíonn an Bord dháréag comhaltaí atá ceaptha ag an Rialtas. Tá ceathrar comhaltaí oibrí sa dháréag sin atá ceaptha ag an Rialtas ar feadh téarma ceithre bliana i ndiaidh toghchán i measc fhoireann an Ghrúpa.

Buaileann an Bord le chéile gach mí agus ar ócáidí eile faoi mar is cuí. Tá sceideal foirmiúil ábhar aige atá coimeáda go speisialta dá athbhreithniú, lena n-áirítear formheas a dhéanamh ar na ráiteas airgeadais bliantúil, buiséid, an plean corparáideach, éadálacha agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, caiteachas caipitil suntasach, ceapacháin an lucht bainistíochta sinsearaí agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn míosúil.

Tá rochtain ag gach comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Ghrúpa.

Coistí an Bhoird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Cuimsíonn na coistí Coiste Iníúchóireachta (féach thíos), Coiste Airgeadais (féach thíos), Coiste Réadmhaoine, Coiste Sábháilteachta agus Coiste Luach Saothair. Tá a gcuid comhaltaí liostaithe ar leathanaigh 21 agus 22.

An Coiste Iníúchóireachta

Tá téarmaí tagartha scríbhinn ag an Coiste Iníúchóireachta agus tá ceathrar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird air. Áirítear sa phróiseas ina bhfeidhmíonn an coiste bualadh le chéile go tréimhsiúil le lucht bainistíochta sinsearaí an Ghrúpa, leis na hiniúchóirí seachtracha agus le Ceann na hIníúchóireachta Inmheánaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha an Ghrúpa, na pleananna iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus na torthaí dá éis, roghnú na mbeartas cuntasaíochta, an tuarascáil iniúchóra reachtúil, tuairisciú airgeadais lena n-áirítear na cuntais bhliantúla iniúchta agus ábhair ghaolmhara eile.

Tá an Coiste Iníúchóireachta freagrach chomh maith as athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus ar oibiachtúlacht na n-iníúchóirí seachtracha, agus as athbhreithniú a dhéanamh ar nádúr agus réim na hoibre

neamh-iniúchta a dhéanann siad d'fhonn cothromaíocht chúí a chinntiú idir oibiachtúlacht agus éifeachtúlacht chostais. Tá rochtain iomlán neamhsrianta ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann na hIníúchóireachta Inmheánaí ar an gCoiste Iníúchóireachta. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe an Choiste Iníúchóireachta agus buaileann siad leis an gCoiste gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair chun a chinntiú nach bhfuil aon saincheisteanna imní ann nár pléadh roimhe sin.

An Coiste Airgeadais

Tá ceathrar comhaltaí Boird ar an gCoiste Airgeadais agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn acu. Áirítear sa phróiseas ina bhfeidhmíonn an coiste bualadh leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus leis an lucht bainistíochta sinsearaí ó na fochuideachtaí gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú chlár caipitil an Ghrúpa, an tús áite a thugtar do thograí caiteachas caipitil na bhfochuideachtaí, buiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin agus beartais chistíochta, soláthair agus diúscairte an Ghrúpa. Déanann an coiste athbhreithniú chomh maith ar straitéisí árachais agus airgeadais an Ghrúpa. Tá sé freagrach freisin as a chinntiú go gceadaíonn córais faisnéis bhainistíochta an Ghrúpa cur i bhfeidhm éifeachtach straitéisí airgeadais an Bhoird.

Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Tá freagracht iomlán ag an mBord as córais an Ghrúpa i leith rialú inmheánach airgeadais. Ní féidir leis na córais seo ach dearbhú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráiteas nó cailteanas ábhartha.

Áirítear a leanas le córais iomlána rialaithe an Ghrúpa:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir lena ngabhann teorainneacha údarais i scríbhinn, leithscaradh feiliúnach dualgas agus modhanna tuairiscithe do leibhéal níos airde den lucht bainistíochta, do bhoird na bhfochuideachtaí, do Choistí Boird agus don Bhord. Coimeádtar beartais mhionsonraithe ar phríomhréimsí atá i mbaol airgeadais lena n-áirítear riosca cistíochta.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála ina gcuirtear an fheidhmíocht féin i gcomparáid leis an mbuiséad a formheasadh roimh ré ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus ina ndéantar imscrúdú ar aon treochtaí nó éagsúlachtaí suntasacha. Scaiptear na tuarascálacha seo ar an mBord ar bhonn míosúil le haghaidh athbhreithniú.

Ráiteas ar Rialachas Corparáideach (ar lean)

- Bunú treoirlínte soiléire chun caiteachas caipitil a fhorfhéas agus a rialú. Ina measc seo áirítear ullmhú na mbuiséad bliantúil caipitil a fhorfhéasann an Bord i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus mionstaidéar indéantachta agus measúnaithe ar thionscadail shuntasacha chaipitil ar bhonn aonair sula bhforfhéasann an leibhéal oiriúnach údaráis iad (lena n-áirítear an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh tionscadail níos mó). Maidir le mórthionscadail chaipitil, ullmhaítear tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn don lucht bainistíochta agus do bhord na fochuideachta ábhartha. Tá sé riachtanach páipéar foirmiúil socraíochta a chomhlíonadh i gcomhair na dtionscadal suntasach caipitil uile.
- Laistigh d'Iarnród Éireann, déanann an Grúpa Comhairleach Bonneagair, ina bhfuil stiúrthóirí agus lucht bainistíochta sinsearaí de chuid Iarnróid Éireann, athbhreithniú míosúil ar thograí tionscadail, próisis tairisceana agus mheasúnaithe a ghlactar agus dul chun cinn ar mhórthionscadail chaipitil in aghaidh amchláir tionscadail agus buiséad.

Déanann Iniúchóireacht Inmheánach an Ghrúpa, a bhfuil ról sa Ghrúpa ar fad acu, athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha. Sna hathbhreithnithe seo, leagann Iniúchóireacht Inmheánach béim ar réimsí atá níos mó i mbaol faoi mar a shainníthín a gceartlach anailíse riosca. Sainmhíonann cairt arna formheas ag an mBord ról agus freagrachtaí Rannóg na hIniúchóireachta Inmheánaí. Tuairiscíonn iniúchóir inmheánach an Ghrúpa go foirmiúil don Choiste Iniúchóireachta.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iniúchóireachta, ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais trí na bearta seo a leanas:

- Athbhreithniú ar chlár an iniúchta inmheánaigh (arna ullmhú tar éis a bpróisis um measúnú riosca iniúchta) agus breithniú ar a gcuid mórthorthaí.
- Breithniú ar mhórthorthaí aon imscrúdaithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar thuarascáil an iniúchára sheachtraigh, ina bhfuil sonraí ar aon cheisteanna rialaithe ábhartha a sainníodh mar thoradh ar a n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Tá próiseas um Bainistíocht Riosca Uilefhiontair (EWRM) i bhfeidhm le díriú ar impleachtaí na mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibríochtúla, straitéiseacha, guaise agus comhlíonta. Sholáthródh an próiseas seo an deimhniú go n-aithneofaí rioscaí ábhartha agus go

ráchfar i mbun na ngníomhartha oiriúnacha. Tá clár rioscaí doiciméadaithe i bhfeidhm.

Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Cinneann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt luach saothair na gcomhaltaí Boird maidir lena ndualgais mar chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin as a ndualgais mar chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair chomh maith le comhaltaí Boird a ceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 de réir a gconarthaí fostaíochta.

Gnóthas Leantach

Tá na comhaltaí Boird sásta go mbeidh dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad, cé go bhfuil roinnt neamhchinnteachtaí ann cheana. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas. Nóta 1: Déanann "Gnóthas Leantach" aghaidh a thabhairt ar na neamhchinnteachtaí sin agus conclúidí chomhaltaí an Bhoird i ndáil leis an ngnóthas leantach a achoimriú.

Ráiteas ar Rialachas Corparáideach (ar lean)

Tinreamh ag Cruinnithe Boird/Coiste

Seo thíos liosta de thinreamh na comhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh i rith 2011.

Comhalta Boird	Bord CIÉ	An Coiste Airgeadais	An Coiste Iniúchóirreachta	An Coiste Ré-admhaoine	An Coiste Luach Saothair	An Coiste Sábháilteachta
John Lynch	5/5				2/2	
Vivienne Jupp	4/4					
Kevin Bonner	4/4					
Mick Cullen	8/9					
Phil Gaffney	3/4					1/1
Helen Keelan	0/2		2/2			
Paul Kiely	3/3	4/4	1/1		2/2	
Dermot Killen	8/9	6/6	3/3			2/2
Graham Lightfoot	3/3		1/1	2/2		1/1
Paul Mallee	4/4	2/2				
Bill McCamley	8/9					
Willie McDermott	9/9					
Aebhric McGibney	2/2					
John Moloney	8/9					
Neil Ormond	3/3	4/4	1/1	2/2		
Yvonne Scannell	2/3			0/2		
Seamus Sheerin	3/3	1/4			2/2	

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp Cathaoirleach
Helen Keelan Comhalta Boird

An 1 Samhain 2012

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Cinneann an tAcht Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh na freagrachtaí atá ar chomhaltaí Bhord Chóras Iompair Éireann. Éilíonn an reachtaíocht seo ar chomhaltaí an Bhoird a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta, léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus ar bharrachas nó ar easnamh an Ghrúpa don tréimhse sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais dóibh, ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird na nithe seo a leanas a chinntiú:

- go roghnaítear beartais oiriúnacha chuntasaíochta agus go gcuirtear chun feidhme iad go comhsheasmhach;
- go bhfuil aon bhreithiúnais nó meastacháin a dhéantar réasúnach agus stuama; agus
- go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar taifid chuntasaíochta chuí a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais an Ghrúpa agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais ceanglais an Achta Iompair, 1950 agus na rialacháin uile a fhorléireofar mar aon ní amháin leis an Acht.

Tá siad freagrach chomh maith as na céimeanna atá ar fáil dóibh go réasúnta a thógáil chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is iad na bearta a thóg an Bord d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí a oibleagáidí chun leabhair chuntas iomchuí a choimeád, córais agus nósanna imeachta feiliúnacha a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntas i Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Cinneann an tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986 agus dlí infheidhmithe cuideachta freagrachtaí na stiúrthóirí ar fhochuideachtaí an Ghrúpa.



Chuir Iarnród Éireann tús le seachadadh 57 ráilcharr breise Idirchathrach (19 x aonad 3-charr) i mí na Bealtaine 2011. Bainfear leas astu seo chun an luas agus an caighdeán a chur chun feabhais i gcomhair cianchomaitéirí.

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Mar iniúchóirí a cheap Córas Iompair Éireann faoi Alt 34(2) den Acht Iompair, 1950, rinneamar iniúchadh, le do thoiliú, ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na máthairchuideachta (na "ráitis airgeadais") de chuid CIÉ don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011. San áireamh sna ráitis airgeadais seo tá Cuntas Brabúis agus Caillteanais an Ghrúpa, Clár Chomhardaithe an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Ghrúpa, Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána an Ghrúpa, Réiteach Gluaiseachtaí i gCúlchistí an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, na Beartais Chuntasáiochta agus na nótaí gaolmhara. Cuireadh na ráitis airgeadais seo i dtoll a chéile de réir na mbeartais chuntasáiochta a leagtar amach sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasáiochta ó leathanach 34 go leathanach 36.

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird agus na nIniúchóirí faoi Seach

Tá freagrachtaí an Bhoird i leith an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeán chuntasáiochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasáiochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasáiochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn) leagtha amach ar leathanach 30 sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglais ábhartha dlí agus rialála agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt amháin de réir Alt 34(2)(a) den Acht Iompair, 1950 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na tuairime seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh ach amháin má thugaimid ár dtoilíú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim daoibh i leith cibé acu an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí, ar thorthaí agus ar shreafaí airgid an Ghrúpa de réir na gCleachtas Cuntasáiochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn. Sonraímid cibé acu an bhfuairéamar nó nach bhfuairéamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaíonn uainn inár n-iniúchadh agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann i gcomhréir leis na leabhair chuntas. Tuairiscímid ár dtuairim daoibh chomh maith i leith cibé acu ar choimeád nó nár choimeád Córas Iompair Éireann leabhair chuntas iomchuí.

Tugaimid tuairisc daoibh freisin mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis a shonraítear sa dlí i ndáil le luach saothair agus idirbhearta na gcomhaltaí Boird agus más féidir, déanaimid an fhaisnéis sin a chur inár dtuarascáil.

Déanaimid athbhreithniú ar cibé acu an bhfuil an ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a cheanglaíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a rinneadh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach ó leathanach 27 go leathanach 29 ag léiriú chomhlíonadh an Ghrúpa le halt 13.1 (iii) den Chód agus an bhfuil sé i gcomhréir le faisnéis ar a bhfuil eolas againn ónár gcuid obair iniúchta faoi na ráitis airgeadais, agus tuairiscímid mura bhfuil. Ní cheanglaítear orainn breithniú a dhéanamh ar cibé acu an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn ráitis an Bhoird ar rialú inmheánach airgeadais na rioscaí agus na rialuithe uile, ná tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht nósanna imeachta an Ghrúpa um rialachas corparáideach ná a nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léimid an t-ábhar eile sa Tuarascáil Bhliantúil le deimhniú cibé acu ar tháinig nó nár tháinig sé leis na Ráitis Airgeadais a ndearnadh iniúchadh orthu. Ní chuimsíonn an fhaisnéis eile seo ach Ráiteas ar Rialachas Corparáideach an Bhoird, Ráiteas an Chathaoirligh agus an tAthbhreithniú ar Oibríochtaí. Déanaimid breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán dár dtuarascáil má chuirtear ar an eolas sinn go bhfuil aon mhíríteas follasach nó aon ábhar neamhréireach sna ráitis airgeadais. Ní phléimid le faisnéis ar bith eile inár gcuid freagrachtaí.

Bunús na Tuairime Iniúchta

Thugamar faoinár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise lena mbaianeann méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, áirítear measúnú leis an iniúchadh ar na meastacháin agus ar na breithiúnais thábhachtacha a thug an Bord i rith ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasáiochta oiriúnach do chás an Ghrúpa agus na cuideachta, curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go cuí.

Phleanálar agus thugamar faoinár n-iniúchadh d'fhonn an fhaisnéis agus na mínithe uile a fháil a shíleamar a bhí riachtanach chun dóthain fianaise a chruthú le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile ina mbonn leis, sna ráitis

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (ar lean)

airgeadais. Agus ár dtuairim á cruthú againn, rinneamar measúnú freisin ar oiriúnacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cõir, de réir Cleachtas Cuntasaiõchta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar chaillteanas agus sreafaí airgid an Ghrúpa don bhliain sin; agus

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a shílimid a theastaigh uainn inár n-iniúchadh. Is é ár dtuairim gur choimeád Córas Iompair Éireann leabhair chuntas iomchúí. Tá clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann i gcomhréir leis na leabhair chuntas.

Cuireann na coinníollacha seo, mar aon leis na nithe eile a mhínítear i Nóta 1 leis na ráitis airgeadais, in iúl go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a d'fhéadfadh amhras a chruthú maidir le cumas an Ghrúpa agus na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Níl coigeartuithe san áireamh sna ráitis airgeadais a bheadh le sonrú mura mbeadh an Grúpa agus an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe Baile Átha Cliath

An 1 Samhain 2012

Béim ar Ábhar – Gnóthas Leantach

Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais, nach bhfuil cáilithe, rinneamar breithniú ar leogacht an nochta a rinneadh i Nóta 1 leis na ráitis airgeadais maidir le cumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Thabhaigh an Grúpa glanchaillteanas €6.1 milliún le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus, tráth an dáta sin, bhí glandliteanais darbh fhiú €22.1 milliún ag an nGrúpa. Tá glandliteanais reatha €394.1 milliún ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2011. Baineann €77.8 milliún den tsuim seo le hiasachtaí bainc.

Mar a leagtar amach i Nóta 1 leis na ráitis airgeadais, léirítear i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Grúpa tuilleadh easnamh in 2012, in 2013 agus in 2014, agus go mbainfidh sé brabús amach arís in 2015 agus in 2016. Mar gheall ar na heasnaimh airgid sin, beidh gá le maoiniú Rialtais agus le hiasachtaí breise. Cuirtear in iúl i Nóta 1 go bhfuil an chuideachta i mbun idirbheartaíochta lena bhaincírí i ndáil le hathnuachan a áiseanna reatha bainc atá le hathnuachan idir Eanáir 2013 agus Deireadh Fómhair 2013. Tá an chuideachta i mbun caibidlíochta freisin leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le baincírí an Ghrúpa maidir leis an gcistiú breise a bheidh ag teastáil. Níor cuireadh na pléití seo i gcrích faoin am a formheasadh na ráitis airgeadais seo.

Príomhbheartais Chuntasaíochta

Mar seo a leanas iad na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin arna nglacadh ag an nGrúpa:

(A) BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éireann agus reacht na hÉireann a chuimsíonn an tAcht Iompair, 1950 agus Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Is ionann caighdeán chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir agus iad sin arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

(B) BUNÚS AN CHOMHDHLÚTHAITHE

Is comhdhlúthú de ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann agus a gcuid fochuideachtaí iad ráitis airgeadais an Ghrúpa:

Iarnród Éireann - Irish Rail

Bus Éireann - Irish Bus

Bus Átha Cliath - Dublin Bus

Glactar le CIE Tours International Incorporated mar bhrainse de Chóras Iompair Éireann chun críocha chuntasaíochta.

(C) IONCAM

Cuimsíonn ioncam oll-luach na seirbhísí a sholáthraítear.

(D) SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Is iad seo a leanas bunúis ríomha an dímheasa:

(i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá gréasán córas i gceist le línte agus oibreacha iarnróid. Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán atá ann cheana, a chothaíonn an cumas oibriúcháin de réir caighdeán shainmhínte seirbhíse, mar bheis ar

shócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ar a chostas i ndiaidh deontais a bhaint.

Is ionann an muirear dímheasa d'oibreacha agus línte iarnróid atá ann cheana agus leibhéal measta an chaiteachais bhliantúil atá riachtanach chun cumas oibriúcháin an ghréasáin a choinneáil atá bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainní Iarnród Éireann.

Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a thoilleadh nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus breis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar a chostas agus dímheastar é ar feadh a shaolré fóna

(ii) Rothstoc iarnróid

Déantar dímheas ar innill traenach (seachas iad sin a dhímheastar go hiomlán nó a gnóthaíodh gan costas a íoc), trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn a gcostas stairiúil a leatar thar a saolréanna fóna measta.

Déantar dímheas ar ríilcharranna, ar stoc cóistí agus ar vaigíní chomh maith, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saolréanna fóna measta.

(iii) Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar dímheas ar chostais stairiúla na bhfeithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saolréanna fóna measta ar bhonn céatadán laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostais stairiúla na mbusanna scoile i dtaráthchodanna bliantúla cothroma thar a saolréanna fóna measta.

(iv) Feithiclí lasta bóthair

Déantar dímheas ar na sócmhainní seo ar bhonn costais stairiúla a leatar thar a saolréanna fóna measta trí úsáid a bhaint as modh shuim na ndigití.

(v) Dugaí, calafoirt agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar dímheas ar na ranguithe sócmhainne thuas, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costais stairiúla a leatar thar a saolréanna fóna measta.

(vi) Talamh agus foirgnimh

Déantar dímheas ar fhoirgnimh, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costais stairiúla a leatar thar shaolré de chaoga bliain. Áirítear luach de réir leabhar na talún agus na bhfoirgneamh atá ar díol agus ar cosúil go ndiúscrófar iad sa dhá mhí dhéag atá le teacht sna sócmhainní reatha de réir mar is cuí.

(E) SÓCMHAINNÍ AR LÉAS

(i) Léasanna airgeadais

Tugtar cuntas ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag Tabhairt Cuntais ar Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Tá costais chaipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó thar shaolré fóna measta na sócmhainne. Áirítear gnéithe caipitiúla na n-oibleagáidí léasa gan íoc i gcreidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

(ii) Léasanna oibriúcháin

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais de réir mar a thabhaítear iad.

(F) STOIC

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus ar pháirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chlár chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

(G) OIBLEAGÁIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA SEIRBHÍSE POIBLÍ AGUS DEONTAIS EILE STÁTCHISTE

(i) Deontais d'oibreacha agus línte iarrnóid atá ann cheana

Baintear deontais a fhaightear d'oibreacha agus línte iarrnóid atá ann cheana ó chostais na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas seo de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inláimhsithe a bheith léirithe ar a gcostas agus deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha dá réir. Is riachtanach an t-imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 i dtuairim an Bhoird, chun go dtaispeánfaidh na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir toisc nach bhfuil saolta inchinntithe ag na hoibreacha agus línte iarrnóid seo agus, dá bhrí sin, níl aon bhunús ann ina bhféadfaí deontais agus ranníocaíochtaí agus ioncam iarchurtha a shainaithint.

(ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(iii) Deontais ioncain

Tugtar deontais ioncain chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais sa bhliain ina mbíonn siad infhála.

(iv) Deontais infheistíochta sábháilteachta

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

(H) AIRGEADRA EACHTRACH

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníochta nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le cailteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

Aistrítear iasachtaí fadtéarmacha airgeadra eachtraigh, lena n-áirítear an chuid sin a bhíonn iníochta laistigh de bhliain amháin de dháta an chlár chomhardaithe, ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chlár chomhardaithe (rátaí deiridh) agus na gnóthachain nó na cailteanais a leanann astu sin san áireamh sa chuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais.

(I) PINSÍN

Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsín le sochar sainithe ag luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsín le sochar sainithe ar bhonn achtúireach agus leas á

Príomhbheartais Chuntasaíochta (ar lean)

bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta chreidmheasa. Léirítear farasbarr na ndliteanas scéime thar shócmhainní scéime sa chlár comhardaithe mar dhliteanas. Tá an costas reatha seirbhíse agus costais seirbhíse roimhe seo sa mhúirear pinsin a ghearrtar ar bhrabús oibriúcháin. Cuirtear farasbarr an toraidh ionchais ar shócmhainní scéime thar an gcostas úis ar na dliteanais scéime i láthair sa chuntas brabúis agus cailteanais mar ioncam eile airgeadais. Léirítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn as na hathruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachas agus easnamh ó thaithí sa ráiteas ar ghnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

(J) COSTAIS BHONNEAGAR IARNRÓID

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, éilítear ar Iarnród Éireann - Irish Rail a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais do ghnó na seirbhísí iompair agus iad sin do ghnó bhainistíocht an bhonneagair iarnróid ar leithligh. Cinntear na costais bhonneagair de réir Iarscríbhinn 1.A. de Rialachán an AE, Uimh. 2598/70.

Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais

An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig	Nótaí	2011 €000	2010 €000
Ioncam	2	707,860	711,328
Costais			
Párolla agus costais ghaolmhara	4	(542,397)	(563,150)
Ábhair agus Seirbhísí	5	(405,267)	(381,111)
Dímheas	6	(56,523)	(57,890)
Costais oibriúcháin eisceachtúla	7	(1,728)	(31,067)
Costais oibriúcháin iomlána		(1,005,915)	(1,033,218)
Easnamh roimh bhrabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, ús agus deontais/Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí		(298,055)	(321,890)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	8	22,301	682
Easnamh roimh ús agus deontais/Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí		(275,754)	(321,208)
Ús infhála		1,054	648
Ús iníoctha			
- Oibríoch	9	(2,020)	(1,722)
- Bonneagar iarnróid	9	(1,139)	(951)
Costas eile airgeadais	23	(8,000)	(18,600)
Easnamh don bhliain roimh dheontais/Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí		(285,859)	(341,833)
Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus deontais eile an Státchiste	10	279,716	288,236
Easnamh don bhliain		(6,143)	(53,597)

Léirítear gluaiseachtaí sna cúlchistí i Nóta 21 leis na ráitis airgeadais. Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha an Ghrúpa.

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp Cathaoirleach
Helen Keelan Comhalta Boid

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána

An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig	<i>Nótaí</i>	2011	2010
		€000	€000
Easnamh don bhliain		(6,143)	(53,597)
Gnóthachan achtúireach maidir le scéimeanna pinsin	23	184,400	199,400
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain		178,257	145,803

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

Amhail an 31 Nollaig	Nótaí	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	12	2,908,443	2,919,366
Sócmhainní airgeadais	13	20	20
		2,908,463	2,919,386
Sócmhainní Reatha			
Stoic	14	58,671	48,066
Féichiúnaithe	15	51,868	54,870
Airgead sa bhanc agus ar láimh		3,577	14,565
		114,116	117,501
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	16	(508,210)	(479,248)
Glandliteanais reatha		(394,094)	(361,747)
Sócmhainní iomlána líide dliteanais reatha		2,514,369	2,557,639
Creidiúnaithe (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)	17	(11,917)	(16,165)
Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir	19	(177,776)	(182,458)
Oibleagáid sochar scoir	23	(159,200)	(348,700)
Ioncam iarchurtha	20	(2,187,553)	(2,210,650)
		(22,077)	(200,334)
Arna maoiniú acu seo a leanas:			
Cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas Brabúis agus Cailteanais	21	(63,144)	(241,401)
Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha		12,511	12,511
	21	(22,077)	(200,334)

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp Cathaoirleach
Helen Keelan Comhalta Boird

Clár Comhardaithe na Cuideachta

	Nótaí	2011 €000	2010 €000
Amhail an 31 Nollaig			
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	12	800,986	889,602
Sócmhainní airgeadais	13	309,608	275,474
		1,110,594	1,165,076
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	15	8,518	9,715
Airgead sa bhanc agus ar láimh		2,112	13,970
		10,630	23,685
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	16	(256,895)	(257,088)
Glandliteanais reatha		(246,265)	(233,403)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		864,329	931,673
Creidiúnaithe (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)	17	(11,917)	(16,165)
Ioncam iarchurtha	20	(566,734)	(658,141)
		285,678	257,367
Arna maoiniú acu seo a leanas:			
Cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas Brabúis agus Cailteanais	21	244,611	216,300
Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha		12,511	12,511
	21	285,678	257,367

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp Cathaoirleach**Helen Keelan** Comhalta Boid

Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid

		2011 €000	2010 €000
Amhail an 31 Nollaig	<i>Nótaí</i>		
(Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	22(A)	(23,614)	73,447
Toradh ar infheistíochtaí, fónamh a dhéanamh ar airgeadas agus ioncam eile airgeadais	22(B)	(2,105)	(2,025)
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	22(B)	(31,404)	29,861
(Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoinithe		(57,123)	101,283
Maoiniú - Méadú/(laghdú) ar fhiach	22(B)	51,516	(87,303)
(Laghdú)/méadú ar airgead sa bhliain		(5,607)	13,980
Réiteach glansreafa airgid go gluaiseacht i nglanfhiach (Nóta 22c)			
(Laghdú)/méadú ar airgead sa bhliain		(5,607)	13,980
Gluaiseacht airgid ó (mhéadú)/laghdú i maoiniú léasa agus féich		(51,516)	87,303
Athrú ar ghlanfhiach mar thoradh ar shreafaí airgid		(57,123)	101,283
Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain		(57,123)	101,283
Glanfhiach amhail an 1 Eanáir		(17,102)	(118,385)
Glanfhiach amhail an 31 Nollaig		(74,225)	(17,102)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Gnóthas Leantach – Éiginnteacht Ábhartha

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, rud a thugann le fios go go mbeidh an Grúpa ábalta leanúint ar aghaidh i mbun feidhme go ceann i bhfad.

Tá an Grúpa ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú i dtimpeallacht ina bhfuil an dúrud dúshlán. Tá an meath leanúnach ar gheilleagar na hÉireann tar éis dul i gcion go holc ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa agus tá dúshlán á gcur os a choinne i rith an ama. Tá laghdú tagtha ar thurais paisinéirí agus tá laghdú tagtha ar an maoiniú Stáit do CIÉ de bharr laghdú ar Chaiteachas Poiblí an Rialtais trí chéile.

Bhain an Grúpa barraíocht úsáide as na háiseanna iasachtaíochta a bhí ar fáil dó in 2012. Íocadh an barrachas go dtí seo a bhuíochas le réamhíocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO). Gan aon bhearta maolaitheacha i bhfeidhm, meastar go sáróidh an Grúpa a chuid áiseanna reatha iasachtaíochta in 2013 arís. Anuas air sin, tá áiseanna reatha iasachtaíochta bainc an ghrúpa (ar fiú €107 iad) le dul in éag ar dhátaí éagsúla idir Eanáir agus Deireadh Fómhair 2013. Amhail an 31 Nollaig 2011, bhí fiach bainc agus léasaithe gan íoc dar fiú €77.8 milliún ag an nGrúpa. Is é €121 milliún (lena n-áirítear áiseanna léasaithe €14 mhilliún) na huasáiseanna féich atá ar fáil don Ghrúpa faoi láthair.

Tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don Ghrúpachun gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa a mhaoiniú aníos leis an 31 Nollaig 2012. Ní dhearnadh cinneadh go fóill maidir le leagan amach ná le méid an chistiúcháin seo. Chuir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt litir thacaíochta ar fáil don Ghrúpa dátaithe an 30 Lúnasa 2012. Sonraítear sa litir go ndéanann an Rialtas “leanúint uirthi faireachán a dhéanamh ar staid airgeadais CIÉ agus tá sí i dteagmháil leis an gcuideachta maidir leis na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint.” Cé go sonraítear sa litir nach féidir aon rud atá sa litir a fhorléiriú mar ráthaíocht maidir le hoibleagáidí nó le dliteanais CIÉ, sonraítear inti freisin “go bhfuil sé mar bheartas an Rialtais go fóill go bhfuil gnó CIÉ in ann a chuid dliteanas a chomhlíonadh i gcónaí. Is scairshealbhóir aonair CIÉ é an Stát, agus féadaim dearbhú go leanfaidh an Stát ar aghaidh ag feidhmiú a cheart scairshealbhóra agus é mar chuspóir aige go ndéanfaidh CIÉ bainistiú ar a oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a chuid oibleagáidí uile a bhaint amach go tráthúil. Bheadh ar ghníomh ar bith de chuid an Stáit teacht le dlí an AE, áfach, lena n-áirítear rialacha Státchabhrach a d’fhéadfadh fógra agus formheas an Choimisiúin a iarraidh.”

Cuirtear in iúl i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Grúpa tuilleadh easnamh in 2012, in 2013 agus in 2014, agus go mbainfidh sé brabús amach arís in 2015 agus in 2016. Mar gheall ar na

heasnamh airgid sin, beidh gá le háiseanna athnuaithe, le maoiniú eile agus le bearta ar nós laghdú costais agus réadú sócmhainní.

Is ábhar éiginnteachta don ghnólacht iad na cúinsí seo agus cruthaíonn siad amhras maidir le cumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh i mbun trádála mar ghnóthas leantach sa chaoi a bhfuil air i láthair na huair.

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phlean gnó an Ghrúpa, ar na buntoimhdí don tréimhse idir 2011 agus 2016 agus ar a bhuiséad don bhliain 2012, agus tar éis breithniú a dhéanamh ar thoradh na bpléití a raibh lucht bainistíochta an Ghrúpa ina mbun leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar na mallabha, tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird go gcinnteoidh gníomhartha a bheartaítear, mar aon leis na háiseanna athnuaithe agus maoiniú eile, le maoiniú breise na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le hioncam breise ó mhéaduithe ar tháillí, le tacaíocht an Rialtais, agus le cur i bhfeidhm rathúil na mbeart um laghdú costais, go mbeidh dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibríochtaí go ceann i bhfad.

Tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird, in ainneoin go bhfuil roinnt éiginnteachtaí os comhair an Ghrúpa, gur féidir dul i ngleic leis na héiginnteachtaí seo trí roinnt beart. Áirítear leis na bearta seo:

- Sócmhainní nach bunsócmhainní iad a réadú
- An bonn costais a laghdú, lena n-áirítear laghduithe ar an bpárolla
- Méaduithe ilbhliantúla ar tháillí
- Clár caipitil féinmhaoinithe a chiorrú

Bhí pléití tosaigh ar bun ag an lucht bainistíochta lena mbaincírí i ndáil leis na háiseanna nua sa bhliain 2013. Toisc nach bhfuil smacht iomlán ag an nGrúpa ar thoradh phléití an Ghrúpa leis na bainc, leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, tá na Comhaltaí Boird den tuairim go bhfuil an riosca ina neamhchinnteacht ábhartha a chruthaíonn amhras maidir le cumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Mar sin féin, tar éis fiosrúcháin chúil a dhéanamh agus ag cur na neamhchinnteachtaí a shonraítear thuas san áireamh, tá na Comhaltaí Boird measartha dóchasach go gcuirfeadh áiseanna athnuaithe agus maoiniú eile ar fáil don Ghrúpa agus go dtabharfaidh an Rialtas tacaíocht do na bearta chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú. Ar na fáthanna sin, baineann na Comhaltaí Boird leas as bonn an ghnóthais leantaigh i rith an ama le haghaidh ullmhú na ráiteas airgeadais. Níl coigeartuithe ar bith san áireamh sna ráitis airgeadais a mbeadh gá leo mura mbeadh an Grúpa in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

2. Brabús agus Cailteanas don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig

	Comh- dhlúthú FRS 17 €000	CIÉ €000	Iarnród Éireann -Irish Rail €000	Bus Éireann -Irish Bus €000	Bus Átha Cliath -Dublin Bus €000	Iomlán 2011 €000	Iomlán 2010 €000
Ioncam:							
Iarnród:							
- Rannóg iarnróid fho-uirbigh			49,160			49,160	50,592
- Rannóg na príomhlíne iarnróid			107,467			107,467	113,018
			156,627			156,627	163,610
Rannóg lasta			5,487			5,487	5,079
Calafort Ros Láir			9,862			9,862	10,123
Seirbhísí eile iarnróid			13,826			13,826	11,373
Seirbhísí paisinéirí bóthair:							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					178,311	178,311	182,121
- Cathracha cúige				22,350		22,350	22,524
- Seirbhísí eile				261,335		261,335	263,346
Turais	47,311					47,311	37,982
Príomhghníomhaíochtaí gnó	12,751					12,751	15,170
Ioncam iomlán	60,062	185,802	283,685	178,311	707,860	711,328	
Caiteachas							
Iarnród:							
- Rannóg iarnróid fho-uirbigh:							
Costais oibríochtúla			49,893			49,893	72,988
Costais bhonneagair			42,567			42,567	33,489
- Rannóg na príomhlíne iarnróid:							
Costais oibríochtúla			205,203			205,203	186,993
Costais bhonneagair			152,954			152,954	148,613
			450,617			450,617	442,083
Rannóg lasta			4,339			4,339	4,397
Calafort Ros Láir			8,111			8,111	8,430
Seirbhísí eile iarnróid			4,542			4,542	4,093
Seirbhísí paisinéirí bóthair:							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					270,017	270,017	272,648
- Cathracha cúige				36,894		36,894	37,525
- Seirbhísí eile				292,522		292,522	294,907
Turais	46,278					46,278	37,733
Príomhghníomhaíochtaí							
Gnó	(13,100)	7,006				(6,094)	(10,120)
Caiteachas iomlán	(13,100)	53,284	467,609	329,416	270,017	1,107,226	1,091,696

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Brabús agus Cailteanas don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig (ar lean)

	Comh- dhlúthú FRS 17 €000	CIÉ €000	Iarnród Éireann -Irish Rail €000	Bus Éireann -Irish Bus €000	Bus Átha Cliath -Dublin Bus €000	Iomlán 2011 €000	Iomlán 2010 €000
Barrachas/(easnamh) de réir gníomhaíochta							
Iarnród:							
- Rannóg iarnróid fho-uirbigh			(43,300)			(43,300)	(55,885)
- Rannóg na príomhlíne iarnróid			(250,690)			(250,690)	(222,588)
			(293,990)			(293,990)	(278,473)
Rannóg lasta			1,148			1,148	682
Calafort Ros Láir			1,751			1,751	1,693
Seirbhísí eile iarnróid			9,284			9,284	7,280
Seirbhísí paisinéirí bóthair:							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					(91,706)	(91,706)	(90,527)
- Cathracha cúige				(14,544)		(14,544)	(15,001)
- Seirbhísí eile				(31,187)		(31,187)	(31,561)
Turais		1,033				1,033	249
Príomhghníomhaíochtaí gnó	13,100	5,745				18,845	25,290
Barrachas/(easnamh) oibríúcháin roimh ús, brabús ar dhiúscairtí, deontais an Stáit agus míreanna eisceachtúla	13,100	6,778	(281,807)	(45,731)	(91,706)	(399,366)	(380,368)
Ús infhála/(iníochta)		155	(3,159)	574	325	(2,105)	(2,025)
Costas airgeadais eile (nóta 23)	(8,000)					(8,000)	(18,600)
Brabús/(cailteanas) ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe (nóta 8)		22,201	(130)	(91)	321	22,301	682
Barrachas/easnamh roimh dheontais an Stáit agus míreanna eisceachtúla	5,100	29,134	(285,096)	(45,248)	(91,060)	(387,170)	(400,311)
Deontas Stáit:							
- oibríochtúil (nóta 10)		-	71,678	43,403	73,032	188,113	188,408
- bonneagar (nóta 10)		-	194,642	-	-	194,642	174,134
Bonneagar deontais AE		-	-	-	-	-	15,239
Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh mhíreanna eisceachtúla	5,100	29,134	(18,776)	(1,845)	(18,028)	(4,415)	(22,530)
(Costais)/barrachas oibríúcháin eisceachtúil (nóta 7)		(823)	(3,083)	2,300	(122)	(1,728)	(31,067)
Glanbharrachas/(glaneasnamh) don bhliain	5,100	28,311	(21,859)	455	(18,150)	(6,143)	(53,597)

3. Costais Bhonneagar Iarnróid

	2011 €000	2010 €000
De réir Threoir Chomhairle an AE 91/440 ríomhadh na costais seo mar seo a leanas:		
Cothabháil oibreacha agus línte iarnróid	63,316	62,904
Athnuachan oibreacha agus línte iarnróid	103,039	89,545
Costais oibriúcháin (comharthaíochta) agus eile	20,886	22,054
Dímheas	46,319	32,899
Amúchadh deontais chaipitil	(38,039)	(25,300)
Costais bhonneagar iarnróid iomlána	195,521	182,102
Costais fóirdheontais	(49,327)	(97,718)
Táillí Rochtana Riain	(37,673)	-
Maoiniú sábháilteachta an státchiste	(4,603)	(2,110)
Maoiniú athnuachana (nóta 12 [a])	(103,039)	(89,545)
Maoiniú bonneagar iarnróid iomláin	(194,642)	(189,373)
Easnamh/(barrachas) don bhliain	879	(7,271)
Cionroinnt costas:		
Rannóg na príomhlíne iarnróid	147,998	144,024
Rannóg lasta	4,956	4,589
Rannóg iarnróid fho-uirbigh	42,567	33,489
	195,521	182,102

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. Párolla agus Costais Ghaolmhara

	2011	2010
	€000	€000
Costais Foirne		
Pá agus tuarastail	519,163	538,089
Costais leasa shóisialaigh	45,886	46,668
Costais phinsin eile	34,704	35,869
	<hr/> 599,753	<hr/> 620,626
Obair féin caipitlithe	(57,865)	(58,106)
Glanchoistais foirne	<hr/> 541,888	<hr/> 562,520
Luach saothair agus sochair oifige na gcomhaltaí Boird		
- as seirbhísí mar chomhaltaí Boird	167	164
- as seirbhísí feidhmiúcháin	342	466
	<hr/> 509	<hr/> 630
Luach saothair agus sochair oifige iomlána na gcomhaltaí Boird	<hr/> 509	<hr/> 630
Párolla agus costais ghaolmhara iomlána	<hr/> 542,397	<hr/> 563,150

Áirítear €107,780 (2010 - €235,145) i luach saothair na gcomhaltaí Boird a íocadh leis an Dr J. J. Lynch, Cathaoirleach Feidhmiúcháin as seirbhísí feidhmiúcháin a d'imigh ar scor an 28 Meitheamh 2011. Is é €7,973 (2010 - €15,945) sochar inchánaithe charr cuideachta an Chathaoirligh agus íocadh €579 (2010 - €1,256) in ÁSPC Fostóra. Ceapadh Vivienne Jupp ina Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin an 29 Meitheamh 2011 agus fuair sí táillí Stiúrthóra €15,750 le linn 2011.

4. Párolla agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

Íocadh táillí Stiúrthóra leis na comhaltaí Boird, seachas an Cathaoirleach, in 2011 mar seo a leanas:

Comhalta Boird	€
Kevin Bonner	10,966
Michael Cullen	15,750
Phil Gaffney	17,100
Helen Keelan	3,530
Paul Kiely	5,250
Dermot Killen	15,750
Graham Lightfoot	5,250
Paul Mallee	10,963
Bill McCamley	15,750
William McDermott	15,750
Aebhric McGibney	3,530
John Maloney	15,750
Neil Ormond	5,250
Yvonne Scannell	5,250
Seamus Sheerin	5,250

	2011	2010
Seo a leanas an meánlón daoine a d'fhostaigh an chuideachta:		
CIÉ	250	258
Iarnród Éireann - Irish Rail	4,198	4,431
Bus Éireann - Irish Bus	2,605	2,704
Bus Átha Cliath - Dublin Bus	3,345	3,562
	10,398	10,955

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5. Ábhair agus Seirbhísí

	2011 €000	2010 €000
Áirítear le hábhair agus seirbhísí:		
Luach saothair iniúcháora	468	433
Léas oibriúcháin ar cíós	4,683	4,775
Speansais a cúitíodh le Stiúrthóirí	22	5
Deontais ioncaim (nóta 20)	(1,180)	(3,372)

(A) Áirítear le luach saothair iniúcháirí:	2011 €000	2010 €000
Seirbhísí iniúchta reachtúil	200	187
